

An leagan deiridh, 10 Meán Fómhair 2015



UNIVERSITY of LIMERICK
OLLSCOIL LUIMNIGH

Fairsingiú Físe

Plean Straitéiseach 2015-2019

Fairsingiú Físe

Plean Straitéiseach 2015-2019

Clár

Teachtaireacht ón Uachtarán	1
Achoimre Fheidhmiúcháin	3
An timpeallacht sheachtrach	5
An comhthéacs idirnáisiúnta	8
Misean, físe agus luachanna	11
Téama 1: Ag tógáil ar a bhfuil bainte amach	13
Téama 2: Béim a leagan ar ár n-uathúlacht.....	26
Téama 3: Ár bpróifíl idirnáisiúnta a fheabhsú	38
An straitéis a chumasú.....	46
Feidhmiú, monatóireacht agus athbhreithniú na straitéise	50

Teachtaireacht ón Uachtarán

Is mór agam, mar Uachtarán ar Ollscoil Luimnigh, ár bplean straitéiseach don tréimhse 2015 go 2019 a chur i láthair.

Nuair a sheol mé an plean roimhe seo, *Ceannródaíocht & i dTeagmháil*, nocht mé an tuairim gur léiriú é an teideal sin ar “an stair a bhaineann leis an institiúid iontach seo agus an uaimhian atá ionam dá todhchaí”. Agus sinn ag féachaint siar ar na cúig bliana atá caite, tá sé soiléir gur éirigh thar cionn le *Ceannródaíocht & i dTeagmháil* maidir le forbairt straitéiseach OL a stiúradh le linn na tréimhse sin. Chuaigh sé i gcion go mór ar fhoireann agus ar mhic léinn na hOllscoile, agus tugadh aitheantas nach beag don mhéid a baineadh amach sa tréimhse sin nuair a ainmníodh sinn mar Ollscoil na Bliana in Éirinn sa *Sunday Times University Guide*, 2015.

Léiriú is ea teideal an phlean nua seo, *Fairsingiú Físe*, go bhfuil rún againn uaimhian níos mó fós a mhúscailt san fhoireann agus sna mic léinn. Is cinnte gur ag féachaint amach i dtreo an tsaoil mhóir atá an plean seo. Tá sé ag iarraidh dul i gcion ar phobail agus ar fhostóirí, ar chathair Luimnigh agus ar an réigiún áitiúil, ar ár alumni, ar chomhpháirtithe seachtracha agus ar an réimse idirnáisiúnta ar shlí an-fhuinniúil.

Ar an gcéad dul síos, creidim go dtabharfaimid claochlú buan i gcrích ach **tógáil ar ár gcuid mórghníomhartha** agus iad a chothú. Tá gealltanais tugtha againn, dá bhrí sin, na gníomhartha sin a bhfuil fuinneamh tagtha fúthu de réir a chéile faoi *Ceannródaíocht & i dTeagmháil* a dhaingniú tuilleadh in *Fairsingiú Físe*.

Ar an dara dul síos, cuirfimid **béim ar ár n-uathúlacht**. Mar ollscoil atá dár dtreorú ag taighde, beimid uathúil de thoradh béim láidir leanúnach ar thaighde a bhfuil tionchar aige, ar infhostaitheacht na gcéimithe, ar pháirtíocht le hearnáil na tionsclaíochta agus ar thimpeallacht champais den scoth a chur ar fáil.

Ar deireadh, leanfaimid orainn **ag méadú ár bpróifíle idirnáisiúnta**. Bainfear é sin amach trí bhonn idirnáisiúnta níos fairsinge fós a chur faoi eispéireas na mac léinn san Ollscoil, tríd an gcáil idirnáisiúnta atá ar chéimeanna Ollscoil Luimnigh a neartú, trí mhic léinn agus comhaltaí foirne breise ón iasacht a tharraingt chugainn féin, agus trí pháirt a ghlacadh i mórliónraí taighde idirnáisiúnta. Dá thoradh seo, beidh an fhoireann agus na mic léinn in ann a scéal féin faoin Ollscoil a chur i láthair an domhain agus cruthófar deiseanna nua chun an domhan a thabhairt ar cuairt orainn anseo.

Plean thar a bheith uaimhianach is ea é seo agus tugtar ár ndúshlán ann. Is é mo thuairim go bhfuil buntáistí iomaíocha againn ó thaobh chaighdeán an eispéiris a chuirimid ar fáil dár mic léinn agus maidir leis an tslí a ndéanaimid ár gcion féin ar son ár bpobal. Mar sin féin, tá dúshlán iomaíocha romhainn leis ó thaobh feidhmíocht taighde agus próifíl idirnáisiúnta. Is é éirim an phlean seo, dá bhrí sin, ná na buntáistí iomaíocha atá againn a choimeád láidir agus san am céanna aghaidh a thabhairt ar na dúshláin iomaíocha atá romhainn.

Is iomaí dream a bhfuil aithris déanta acu ar ár gcuid nuálaíochta, ach níor sháraigh aon dream acu fós sinn. Cuirfimid ár gcruthaitheacht i gcion ar na dúshláin nua atá romhainn mar oideoirí agus mar tháirgeoirí eolais faoin bplean nua seo, agus dá réir sin is mór mo mhuinín go mbeimid inár gceannródaithe i gcónaí i réimse an ardoideachais agus go múnlóimid ár bhféiniúlacht féin mar ollscoil nua-aimseartha, mhuinéach, fhéinstiúrtha.

Achoimre fheidhmiúcháin

Fairsingiú Físe – Plean Straitéiseach Ollscoil Luimnigh, 2015-19

Téama 1: Ag tógáil ar a bhfuil bainte amach

1.1: Ár bpríomh-mhisin: taighde agus teagasc

- Taighde den scoth a chinntiú
- Eispéireas foghlama an-rannpháirteach a chur ar fáil do mhic léinn
- Cláir fochéime a neartú
- Líon na mac léinn cláraithe ar chláir iarchéime agus dhochtúireachta a mhéadú
- Foghlaim le cuidiú teicneolaíochta a leabú sna curaclaim go léir

1.2: Ár bpobail áitiúla agus réigiúnacha

- Tacú le físe Luimneach 2030
- Rannpháirtíocht phoiblí a chur chun cinn
- Comhoibriú le comhpháirtithe réigiúnacha
- Éagsúlacht phobal na mac léinn fochéime a mhéadú

1.3: Comhaltaí foirne, mic léinn agus alumni

- Tacú leis an bhfoireann
- Aghaidh a thabhairt ar riachtanais na mac léinn
- Teagmháil le alumni

Téama 2: Béim a leagan ar ár n-uathúlacht

2.1: Tionchar taighde

- Mais chriticiúil a fhorbairt sa taighde aistritheach
- Taighde a chur ar fáil a théann chun leasa an gheilleagair agus na sochaí

2.2: Rannpháirtíocht tionscail agus infhostaitheacht

- Ár dtiomantas do chomharoideachas agus d'infhostaitheacht céimithe a dheimhniú
- Freagairt do riachtanais taighde agus forbartha an tionscail
- Cultúr fiontraíochta agus nuálaíochta a fhorbairt

2.3: Bonneagar agus saol campais

- Bonneagar campais a fhorbairt
- Saol campais a fheabhsú

Téama 3: Ár bpróifíl idirnáisiúnta a fheabhsú

3.1: Próifíl taighde idirnáisiúnta

- Cistiú ó fhoinsí idirnáisiúnta a mhéadú
- Comhpháirtíochtaí taighde idirnáisiúnta a neartú

3.2: Deiseanna idirnáisiúnta do mhic léinn

- Mic léinn idirnáisiúnta a tharraingt chugainn féin
- Méadú a chur ar líon na ndeiseanna idirnáisiúnta do mhic léinn a fhágann an Ollscoil

3.3: Deiseanna idirnáisiúnta do chomhaltaí foirne

- Comhpháirtithe idirnáisiúnta nua a lorg
- Infheistíocht straitéiseach i ngníomhaíocht idirnáisiúnta

3.4: Ár bpobail dhomhanda

- Ár líonraí domhanda a mhéadú
- Ár gcláir léinn a thagarmharcáil ar bhonn idirnáisiúnta

An Straitéis a Chumasú – an phleanáil a tharmligean chuig na haonaid acadúla agus tacaíochta; acmhainní a chur ar fáil don phlean; an uaillmhian atá ionainn agus an rath atá orainn a chur in iúl

An timpeallacht sheachtrach

An comhthéacs domhanda

Ní thagann deireadh leis an éileamh ar an ardoideachas ag teorainneacha na stát. Tá méadú ag teacht de shíor ar líon na mac léinn a fhreastalaíonn ar ollscoileanna lasmuigh dá dtír dhúchais; faoin mbliain 2020, meastar go mbeidh ocht milliún mac léinn – ionann is 4% de mhic léinn an domhain – ina mic léinn idirnáisiúnta.

Chomh maith le gluaiseachtaí na mac léinn, tá gníomhaíochtaí trasnáisiúnta oideachais ar bun anois freisin; sna cásanna sin téann an t-oideoir go dtí an áit a bhfuil an mac léinn. Le deich mbliana anuas, tá leathnú tagtha ar choincheap an idirnáisiúnaithe san ardoideachas; ní earcaíocht mac léinn ón iasacht amháin a bhíonn i gceist anois – bítear ag plé go fonnmhar le cláir aistrithe agus malartaithe mac léinn, le comharshaothair i réimsí an teagaisc agus an taighde, mar aon le gníomhaíochtaí go leor eile a bhaineann le líonraí gairmiúla domhanda san ardoideachas. Dá bhrí sin, ní féidir próifíl idirnáisiúnta a chur chun cinn ach trí shaothar rathúil idirnáisiúnta i ngach aon réimse de ghnó na n-ollscoileanna.

Is gníomhaíocht dhomhanda amach is amach an taighde chomh maith faoin tráth seo. Cuid dhílis de shaol na dtaighdeoirí is ea comharshaothair agus cistí airgid idirnáisiúnta, agus bítear ag súil go gcuirfidh siad torthaí an taighde i láthair pobail idirnáisiúnta. Tá an-tábhacht go deo le héagsúlacht sna cistí airgid a mbítear ag tarraingt orthu san ardoideachas, ós rud é go bhfuil an infheistíocht phoiblí ag dul i laghad. Cé go bhfuil laghdú tagtha ar na cistí taighde ina lán tíortha, tá rún daingean ag an Aontas Eorpach infheistíocht leanúnach a dhéanamh i gcúrsaí taighde agus nuálaíochta. Léiriú air seo is ea chomh mór is atá an clár [Deiseanna Nua 2020](#) agus an bhéim láidir atá ann ar thaighde a aistriú d'fhonn aghaidh a thabhairt ar mhórdhúshláin tosaíochta. Dá bhrí sin, ag an leibhéal Eorpach, cuid an-tábhachtach den éagsúlacht sna cistí airgid is ea an rath a bheidh orainn agus sinn ag tarraingt ar chistí [Deiseanna Nua 2020](#).

Is é an léiriú is follasaí ar idirnáisiúnú an ardoideachais ná na córais éagsúla rangaithe agus rátála a úsáidtear chun institiúidí a chur i gcomparáid lena chéile. Pé laige atá orthu, ní féidir linn neamhaird a thabhairt orthu. Mura bhfuil eolas eile ar fáil, bainfidh na dreamanna ar mian linn a bheith ag déileáil leo – mic léinn, gníomhaireachtaí taighde agus comhpháirtithe agus tabharthóirí féideartha – úsáid as an eolas a gheofar ó na foinsí sin chun luacháil a dhéanamh orainn. Dá réir sin, tuigimid go hiomlán an tábhacht straitéiseach a bhaineann lenár gcáil idirnáisiúnta a fhorbairt agus dá bhrí sin dírimid go coinsiasach ar an ngné dhomhanda dár gcuid gníomhaíochtaí.

An comhthéacs náisiúnta

In 2011, leagadh amach sa [Straitéis Náisiúnta Ardoideachais go dtí 2030](#) (Tuarascáil Hunt) an treo straitéiseach atá le cur faoin gcóras ardoideachais in Éirinn. Is é an straitéis iomlán náisiúnta atá ann ná córas ardoideachais den chéad scoth a fhorbairt chun cúram a dhéanamh de riachtanais na tíre agus é dírithe go háirithe ar riachtanais na sochaí eolais sa 21ú aois.

Leagtar todhchaí an ardoideachais sa tír seo amach sa tuarascáil sin: comhoibriú idir institiúidí, institiúidí á gcumasc (go mór mór i réimse an oideachais múinteoirí), braislí réigiúnacha agus úsáid níos éifeachtaí a bhaint as acmhainní trí sheirbhísí comhroinnte agus cláir léinn a bheith á soláthar i gcomhréir lena chéile go cuí. Tar éis fhoilsiú Thuarascáil Hunt, cuireadh creat le haghaidh rialachas an ardoideachais i bhfeidhm agus an creat sin bunaithe ar fheidhmíocht. Faoi théarmaí an chreata, ní mór do gach institiúid tríú leibhéal spriocanna mionsonraithe a aontú leis an Údarás um Ard-Oideachas (ÚAO) ina Comhshocrú Feidhmíochta Miseanbhunaithe. Déantar feidhmíocht gach aon institiúid a athbhreithniú go bliantúil le ÚAO. Tugtar sciar den chistiú poiblí a fhaigheann gach institiúid (ag ardú ar deireadh go dtí 10%) ar an mbonn go gcomhlíonann an institiúid na spriocanna atá sonraithe ina Comhshocrú féin. Ar shlí an-réadach, mar sin, bíonn an bhail airgeadais a bhíonn ar an institiúid ag brath ar a cuid spriocanna straitéiseacha a bheith comhlíonta aici.

Tá athstruchtúrú déanta anois ar an bpolasaí náisiúnta i dtaobh cistí taighde ar mhaithe le cruthú jabanna agus téarnamh geilleagrach, agus an bhéim anois ar infheistiúocht i réimsí mórthionchair. In 2013, leathnaíodh na sainchúraimí a bhí leagtha ar Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus an cúram anois uirthi taighde aistritheach a chistiú chomh maith le taighde bunúsach. Tugtar aitheantas don treoht seo sa [Tuarascáil um Beartú Tosaíochta Náisiúnta](#), atá á fheidhmiú mar chuid den [Phlean Gníomhaíochta le haghaidh Post](#) – tionscnamh de chuid an Rialtais ina sonraítear 14 réimse tosaíochta taighde. Sa *Straitéis um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht, 2015-2020*, meastar go dtabharfar tosaíocht bhreise don chistiú poiblí le haghaidh na réimsí a mbaineann na deiseanna is mó leo ó thaobh dul chun cinn eacnamaíoch agus sóisialta, go ndéanfar acmhainní a chomhdhlúthú ina n-aonaid scála, agus go mbeidh luach saothair le fáil as comhoibriú le hearnáil na tionsclaíochta.

Baineann tábhacht faoi leith dúinne le [Tuarascáil an Phainéil Athbhreithnithe Idirnáisiúnta ar Struchtúr an tSoláthair Oideachais Tosaigh Múinteoirí in Éirinn](#) (Tuarascáil Sahlberg) ós rud é gurb ionann agus 10% de ghníomhaíochtaí uile na gclár léinn anseo an t-oideachas múinteoirí. Tá bunsraith sa tuarascáil sin le haghaidh fhorbairt na múinteoireachta mar ghairm atá á treorú ag taighde agus í ag feidhmiú de réir na gcaighdeán idirnáisiúnta is airde. Buntéama tábhachtach is ea an riachtanas a bhaineann le tairseach chriticiúil a chruthú san oiliúint tosaigh múinteoirí, agus moladh sa tuarascáil go mbeadh Ollscoil Luimnigh (OL), Coláiste Mhuire gan Smál (MIC) agus Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh “ina lárionad comhtháite aontaithe don oideachas múinteoirí” i gcomhair réimse an oideachais múinteoirí trí chéile. Chuige sin, bunaíodh an Institiúid Náisiúnta do Léann an Oideachais in 2014. Faoin struchtúr leasaithe seo, creidiúnaíonn Ollscoil Luimnigh anois an clár léinn atá ag Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh san oideachas múinteoirí ealaíne.

Riachtanais áitiúla

Is féidir le hollscoil an ceantar máguaird a athrú ach céimithe ardoilte a chur amach, acmhainn mhór taighde a fhorbairt agus áiseanna den chéad scoth mar aon le raidhse

gníomhaíochtaí cruthaitheacha a chur ar fáil don phobal. Cuireann ollscoil a fheidhmíonn de réir na gcaighdeán idirnáisiúnta is airde dlús faoin bhforbairt gheilleagrach, shóisialta agus chultúir.

Téann ollscoil i gcionn ar an réigiún ar iliomad bealaí. Ar an gcéad dul síos, is aonán tábhachtach geilleagrach í ollscoil aisti féin. Cuireann sí leis an ngeilleagar réigiúnach agus í ag fostú daoine agus ag ceannach earraí agus seirbhísí. Bíonn costas bliantúil €100 milliún ar OL, agus síothlaíonn an t-airgead sin, mar aon le €25 milliún eile a chaithimid ar earraí agus ar sheirbhísí go háitiúil, isteach sa réigiún. Caitheann ár gcuid mac léinn €80 milliún (gan táillí san áireamh) go háitiúil gach bliain agus is mic léinn idirnáisiúnta a chaitheann €20 milliún den tsuim sin.

Ar an dara dul síos, meallann ollscoil infheistíocht sa cheantar. Meallann ceantar ina bhfuil ollscoil a chuireann amach céimithe ardoilte atá réidh don ionad oibre agus ag a bhfuil bonn láidir taighde, fostóirí, go mór mór fostóirí atá i mbun gníomhaíochtaí ardluacha eolasbhunaithe. Ó 2010 i leith, bhí dlúthbhaint ag Ollscoil Luimnigh le hinfeistíocht eachtrach nua a mhealladh isteach sa réigiún agus le tacaíocht a thabhairt do chomhlachtaí reatha tabhairt faoi réimsí ardluacha, ina measc réimsí an taighde agus na forbartha.

Anuas air sin, ar bhealach nach bhfuil chomh feiceálach céanna ach a bhfuil tábhacht ag baint leis mar sin féin, cuireann ollscoil beocht i réigiún. Cuireann ollscoil le cáil an réigiúin agus treisíonn sí branda an réigiúin, cuir i gcás, trí mhic léinn agus comhaltaí foirne a thabhairt chun an réigiúin ó áiteanna ar fud na hÉireann agus thar lear.

An comhthéacs idirnáisiúnta

Ó 2008 i leith, fearacht gach institiúide eile tríú leibhéal in Éirinn, tháinig laghdú ar an gcistiú poiblí a fhaigheann Ollscoil Luimnigh tráth a bhfuil méadú ag teacht ar an éileamh atá ar ardoideachas. In ainneoin an dúshláin sin, níor lig OL na maidí rámha le sruth. Leoga, is mó éacht a bhaineamar amach i rith na tréimhse sin, ina measc:

- Méadú ar líon na mac léinn ó 11,300 in 2008 go clárú reatha 13,500 mac léinn
- Méadú 20% ar líon na mac léinn iarchéime sa tréimhse chéanna
- Ceannaireacht ar chnuasáin thábhachtacha taighde náisiúnta – ina measc comhoibriú le hinstitiúidí eile ardoideachais agus le comhpháirtithe móra tionscail – a ghnóthaigh cistiú taighde €130 milliún ó 2013 i leith
- Bronnadh céimeanna in 2011 ar an gcéad ghrúpa mac léinn ón Scoil Leighis Iontrála Iarchéime, an chéad scoil leighis a bunaíodh in Éirinn ón 19ú haois
- Dúbláíodh líon na mac léinn idirnáisiúnta idir 2008 agus 2013, agus dá réir sin mhéadaigh an t-ioncam ó mhic léinn idirnáisiúnta faoina thrí oiread
- Rinneadh infheistíocht €80 milliún i bhforbairt chaipitil leanúnach ar lóistín na mac léinn, ar thaighde agus ar áiseanna teagaisc, fiontraíochta agus spóirt

Is díol suntais iad dhá thogra maidir leis an athrú is féidir leo a dhéanamh ar phróifíl na hollscoile san am atá romhainn amach. Bunú agus seoladh Thionscadal Bernal in 2013 is ea an chéad cheann díobh sin, arb é atá ann infheistíocht €52 milliún a chruthóidh ollúnachtaí nua agus a thógfaidh foirgneamh nua taighde a thabharfaidh tacaíocht do réimsí tosaíochta i dtaighde innealtóireachta agus eolaíochta. Is tionscnamh straitéiseach tábhachtach é Tionscadal Bernal a mhaoinítear le hairgead ón státchiste agus le mórinfheistíocht Atlantic Philanthropies. Cuirfidh an togra sin ar chumas na hollscoile cur lena cumas taighde i réimsí na n-ábhar saothraithe agus na déantúsaíochta, rud a mbeidh tionchar mór eolaíochta, sóisialta agus geilleagair aige.

Is é an dara forbairt is suntasaí gur bunaíodh Institiúid Taighde Sláinte (HRI) Ollscoil Luimnigh in 2014, a dhéanann cúram do na téamaí seo a leanas: stíl mhaireachtála agus sláinte; teicneolaíocht agus sláinte; agus seachadadh seirbhísí sláinte. Bainfidh an HRI leas as saineolas atá le fáil i ndámha OL cheana féin agus atá le fáil i measc ár gcomhpháirtithe cúraim sláinte agus cuirfidh sé le hinstitiúidí agus lárionaid i bhforais eile trí bhéim a leagan ar an taighde ildisciplíneach a dhíríonn ar na céimeanna deiridh den aistriú chuig othair agus chuig cleachtas.

Táimid ar tí tabhairt faoi chéim nua d'fhorbairt uailmhianach faoi láthair, lena **dtógfaimid ar ár n-éachtaí féin**. Agus é sin á dhéanamh againn, **leagfaimid béim ar ár n-uathúlacht féin** agus ar an rath a bhí orainn go nuige seo. **Feabhsóimid ár bpróifíl idirnáisiúnta** trí scéal Ollscoil Luimnigh a chur ar shúile an domhain agus trí chuireadh a thabhairt don saol mór teacht go Luimneach. Dá réir sin, tá an plean straitéiseach seo bunaithe ar na trí théama idirnasctha thuas. Tá gach téama foroinnte i roinnt príomhréimsí, agus caitear le gach

réimse díobh ag féachaint d'aidhmeanna, do chuspóirí, do thorthaí agus do tháscairí rathúlachta.

Téama 1: Tógáil ar ár n-éachtaí

Bainfear athrú buanseasmhach amach ach a gcothóimid na forbairtí straitéiseacha a raibh rath orthu agus an eagraíocht seo againne ag fás agus ag forbairt le blianta beaga anuas agus a ndéanfaimid ar ndícheall iad a neadú i gcultúr na hinstiúide go leanúnach. Agus sinn ag tógáil ar ár n-éachtaí ní hionann sin is a rá go ligfidh Ollscoil Luimnigh na maidí ráimha le sruth nó go bhfillfimid ar a raibh againn roimhe seo. Os a coinne sin, ní féidir an t-athrú a sheachaint agus tacaíonn an téama seo leis sin agus gurb é an bealach is fearr lena bhaint amach cur chuige leanúnach idirnasctha a thógann ar éachtaí roimhe seo agus a mhúnlaíonn ár bpróifíl mar ollscoil nua-aoiseach, mhuinéeach agus fhéinstiúrtha.

Ach a dtuigimid an t-athrú eagraíochtúil cinnteoidimid go ndéanfar croí-ghnéithe na buanseasmhachta san am atá romhainn amach de na gnéithe sin den athrú a n-éiríonn go maith leo agus go gcuirfidh na héachtaí sin as a chéile dlús fúinn agus sinn ag tabhairt faoin todhchaí. Ach a mbeimid meáite ar an rathúlacht, beimid réamhghníomhach agus sinn ag iarraidh caighdeán níos airde a bhaint amach maidir le gach a ndéanfaimid agus is mó an t-aitheantas idirnáisiúnta a bheidh againn.

Téama 2: Béim a leagan ar ár n-uathúlacht

Is mian le hOllscoil Luimnigh a bheith ar thús cadhnaíochta. Tá dlúthbhaint ag ár stair, ag ár dtraidisiúin agus ag ár luachanna lenár n-uathúlacht. Is ollscoil sinn atá ar thús cadhnaíochta ó thaobh na nuálaíochta de san ardoideachas in Éirinn agus san Eoraip. Tá gnéithe nuálacha nach beag tugtha isteach againn i réimse an taighde, an teagaisc agus sa tslí a gcuirimid chun oibre agus tá baint acusan le fearainn an chultúir, na heacnamaíochta, na gairmiúlachta agus an ghnó.

Is éard is uathúlacht ann dar linn, saghas aitheantais faoi leith a chruthú arb é atá ann roinnt codanna difriúla a fheidhmíonn mar aonán aontaithe le chéile. An nuálaíocht seachas an aithriseoireacht atá de dhíth don uathúlacht. Sa phlean straitéiseach seo, is mian linn gnéithe uathúla ár misin a fhorbairt, gnéithe a d'éascair as an oidhreacht sin lenár bunaíodh sinn agus a cothaíodh le 40 bliain anuas. Dearbhaímid an athair go bhfuilimid meáite ar ghníomhaíocht taighde a mbaineann tionchar suntasach léi, ar an oiliúint chun críche infhostaitheachta agus ar bhonneagar ár gcampais aoibhinn a fhorbairt a thuilleadh agus ar eispéireas maireachtála a chothú ar an gcampas.

Téama 3: Ár bpróifíl idirnáisiúnta a fheabhsú

Ó bunaíodh an Ollscoil, tá dearcadh domhanda againn. Is sinne a thug isteach an chéad BA i Léann Eorpach in Éirinn agus a chruthaigh na chéad chlár MA ar bhain téamaí Eorpacha leo ina dhiaidh sin. Ghlac OL páirt sa chlár Erasmus go luath tar éis a bunaithe agus is í an foras is mó in Éirinn anois í a ghlacann páirt ann. Léiriú eile ar an aitheantas idirnáisiúnta atá againn is ea gur mic léinn idirnáisiúnta iad duine amháin as gach cúigear mac léinn agus go

gcaitheann an tríú cuid dár mic léinn seimeastar amháin ar a laghad thar lear agus creidiúint á bhfáil acu dá gcuid léann anseo linn.

Leagann an plean nua seo amach an tslí a rachaimid i ngleic le castacht na dtreochtaí idirnáisiúnúcháin, ar dlúthchuid den ardoideachas sa lá atá inniu ann iad. Leagann an plean seo cúrsa gnímh amach a ghlacann chuige go follasach fíis dhomhanda níos leithne agus níos uailmhianaí don ollscoil. Feabhsóimid, go háirithe, ár bpróifíl idirnáisiúnta taighde, cruthóimid deiseanna idirnáisiúnta do mhic léinn agus do chomhaltaí foirne agus déanfaimid nasc le pobail dhomhanda.

Misean, fís agus luachanna

Misean

Is é misean Ollscoil Luimnigh a bheith ina hollscoil cheannródaíoch ar leith, atá ag múnlú na todhchaí trí oideachas agus trí dhaoine a chumasú le dul i ngleic le dúshlán an lae amárach.

Fís

Is í an fhís atá againn aitheantas a bhaint amach mar ollscoil fhorásach taighdelárnach a chuireann eispéireas feidhmeach ar fáil do mhic léinn, a dhéanann taighde den chéad scoth a bhfuil cáil air don tionchar aistritheach a bhaineann leis agus atá nasctha go háitiúil agus go domhanda leis an ngeilleagar, leis an tsochaí agus leis an gcultúr.

Luachanna

Agus sinn meáite ar phrionsabail na saoirse acadúla a chur i bhfeidhm, beidh sé luach croí-láir ina dtreoir againn agus ár bhfís á baint amach againn, is iad sin: barr feabhais, cruthaitheacht, eitic, inbhuanaitheacht, pobal agus fócas domhanda.

Barr feabhais

- Oideachas an-fheidhmeach, mac léinn-lárnach, taighdebhunaithe a chumhachtaíonn, a spreagann, a fhorbraíonn agus a chothaíonn saoránaigh atá bisiúil, feidhmeach agus fiosrach agus ar mór acu cur leis an tsochaí
- Taighde den chéad scoth a mbaineann tionchar aistritheach nach beag leis a thabharfaidh aghaidh ar dhúshlán dhomhanda agus a bhainfidh sochair shuntasacha shóisialta agus gheilleagracha amach
- Éiteas atá bunaithe ar fheidhmíocht agus ar fheabhsú caighdeán arb é is bonn leis rialachas acadúil agus eagraíochtúil den scoth agus caighdeán éilitheacha feidhmíochta

Cruthaitheacht

- *Esprit de corps* láidir i measc na gcomhaltaí foirne, a mbaineann spiorad uathúil teanntásach na cruthaitheachta agus na fiontraíochta leo
- Tuisceant shoiléir uathúil ar aitheantas na hinstitiúide atá ag féachaint chun cinn agus a mbaineann solúbthacht léi
- Toilteanas maidir le tabhairt faoi réimsí nua an fhiosraithe acadúil agus faoi dheiseanna forbraíochta eile

Eitic

- Cleachtais bhuanseasmhacha agus fhollasacha eitice arb iad an mhacántacht, an tionracas, an éagsúlacht, an comhionannas agus meas ar chách is bonn leo

Inbhuanaitheacht

- A bheith meáite ar fhorbairt inbhuanaithe a dhéanamh ar an timpeallacht nádúrtha, ar an gcampas féin agus lasmuigh de

- Béim ar bhainistiú maith airgeadais agus ar fhéintuilleamaí institiúide a thacaíonn le hath-infheistíocht sa taighde, sa teagasc agus i mbonneagar an champais

Pobal

- Nascacht ar bhealach a chinntíonn rochtain agus a thacaíonn leis an bhfolláine fisiciúil, geilleagrach, oideachasúil, sóisialta agus cultúir a fhorbairt ar fud na bpobal lena mbainimid

Fócas domhanda

- Nasc domhanda le hinstitiúidí acadúla, le heagraíochtaí taighde, le corparáidí, le gníomhaireachtaí rialtais agus le lucht leasa eile ar shlí a thacaíonn le gníomhaíochtaí a théann chun sochair do chách agus a mbaineann tionchar leo

Téama 1: Ag tógáil ar a bhfuil bainte amach

Chun tógáil ar an dul chun cinn a rinneadh faoin bplean straitéiseach a cuireadh i dtoll a chéile cheana féin, leanfaimid orainn ag tabhairt tús áite dár misin taighde agus teagasc, ag cur lenár bpobail agus ag tabhairt aitheantais dár gcomhaltaí foirne, mic léinn agus alumni.

Ár bpríomh-mhisin: taighde agus teagasc

D'éirigh le [Ceannródaíocht & i dTeagmháil](#) ár bhforbairt straitéiseach a stiúradh ó 2011 go 2015. Ba léir go ndeachaigh na tosaíochtaí a bhí in *Ceannródaíocht agus i dTeagmháil* go mór i gcion ar ár bhfoireann agus ár mic léinn, go háirithe maidir leis an mbéim a leagadh ar na croíghníomhaíochtaí, is iad sin, taighde agus teagasc.

Leanfaimid ar aghaidh lenár misin taighde agus teagasc a láidriú ach: (i) ardchaighdeán taighde a chinntiú; (ii) *Foghlaim Rannpháirteach*, straitéis foghlama agus measúnachta na hOllscoile, a chur i bhfeidhm go hiomlán (iii) réimse ár gclár fochéime a láidriú (iv) cur le líon na mac léinn iarchéime teagasc agus dochtúireachta cláraithe; agus (v) foghlaim le cuidiú teicneolaíochta a leabú sna curaclaim go léir.

1.1.1 Ardchaighdeán taighde a chinntiú

Chun ár gcáil a dhaingniú mar ollscoil taighde ar ardchaighdeán agus taighde tábhachtach den chéad scoth a sholáthar, táimid tiomanta do chultúr taighde a bhunú agus tacú leis sin i ndisciplíní uile na hOllscoile. Feabhsóidh an t-éiteas seo méid agus caighdeán ár n-aschur taighde, beidh dea-thionchar aige ar ár gclár léinn agus tacóidh sé lenár straitéis maidir le heispéireas na mac léinn a shaibhriú.

Tá straitéis taighde na hOllscoile (2016-20) múnlaite ar na ceithre sprioc taighde straitéiseacha seo a leanas:

1. Taighde ar ardchaighdeán a bhaint amach
2. Tionchar a imirt a mbíonn dea-thorthaí eacnamaíochta, sóisialta agus cultúir ann dá bharr
3. Tacú lenár bhfoireann agus lenár n-éiceachóras agus iad a fhorbairt
4. Cur lenár seasamh idirnáisiúnta

Cuid dár straitéis a mbeidh taighde ar ardchaighdeán mar thoradh uirthi is ea infheistíocht a dhéanamh san fhoireann agus an fhoireann a chumasú chun a bpoitéinseal iomlán a bhaint amach, éiteas oideachais taighde ar ardchaighdeán ag gach leibhéal a chothú agus an leas is fearr a bhaint as struchtúir bhainistíochta taighde agus tomhas feidhmíochta.

1.1.2 Eispéireas foghlama fíor-rannpháirteach a chur ar fáil do mhic léinn

Is é cuspóir an phlean seo teacht i dtír ar ár gcáil sheanbhunaithe maidir le hardchaighdeán teagasc, foghlama agus feabhas ár gclár léinn ionas go mbeimid mar cheann scríbe do mhic léinn atá meáite ar thabhairt faoi chlár oideachais ábhartha ar ardchaighdeán a bhfuil béim acu ar ábhar domhanda agus atá á dteagasc ag ceannairí ina réimsí.

In 2014, ghlacamar leis an straitéis chun cur le heispéireas na mac léinn. Tá trí phríomhshruth i gceist le [Foghlaim Rannpháirteach: Straitéis Teagaisc, Foghlama agus Measúnachta Ollscoil Luimnigh 2014-18](#)

- Sruth 1: Rannpháirtíocht trí Leathnú
- Sruth 2: Rannpháirtíocht ar mhaithe le hArdchaighdeán
- Sruth 3: Rannpháirtíocht i dtreo Infhostaíochta

Sa phlean straitéiseach seo, beidh *Foghlaim Rannpháirteach* san áireamh go hiomlán i bpróiseas pleanála trí chéile na hOllscoile chun feidhmíocht institiúideach a chur chun cinn i dtaca le teagasc, foghlaim agus measúnú.

1.1.3 Cláir fochéime a neartú

Chun feabhas a chur ar chaighdeán ár gcúrsaí léinn fochéime agus ar eispéireas na mac léinn, cuirfimid athbhreithniú timthriallach cúig bliana i bhfeidhm maidir lenár gcláir fochéime ar fad. Déanfar an t-athbhreithniú chun a chinntiú go bhfuil ár gcláir ábhartha, ar ardchaighdeán ó thaobh an taighde de agus in oiriúint do riachtanais fostóirí. Déanfar athbhreithniú ar struchtúir iontrála na gclár, roghanna agus modhanna seachadta. Beidh cláir iontrála leathana ar fáil tríd an Lár-Oifig Iontrála (CAO). Déanfar athbhreithniú agus cíoradh ar phróisis ghrádaithe, mheasúnaithe agus aiseolais ó na mic léinn, lena n-áirítear bainistíocht suirbhé.

1.1.4 Líon na mac léinn cláraithe ar chláir iarchéime agus dhochtúireachta a mhéadú

Cé go gcuimsíonn *Foghlaim Rannpháirteach* scóip leathan na ngníomhaíochtaí ar fud an champais a chuirfidh lenár misean oideachais, tabharfaimid aird ar leith ar chláir iarchéime mhúinte agus dhochtúireachta. Cuirfimid le líon na mac léinn iarchéime ach athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar dtús ar ár gcláir ag leibhéal 9/10 agus ar ár struchtúir táillí agus ina dhiaidh sin déanfaimid cláir mhúinte nua iarchéime a fhorbairt agus a ailíniú le láidreachtaí agus le riachtanais an mhargaidh. San áireamh san obair seo beidh spriocanna uailmhianacha a leagan amach maidir le cur le líon na mac léinn atá cláraithe ar chláir PhD agus forbairt bhreise a dhéanamh ar shamhail struchtúrtha dochtúireachta, lena n-áirítear polasaithe a leagan síos i dtaca le dochtúireachtaí gairmiúla agus praiticbhunaithe.

1.1.5 Foghlaim le cuidiú teicneolaíochta a leabú sna curaclaim go léir

Measann *Foghlaim Rannpháirteach* go mbainfear leas as an teicneolaíocht ar bhealaí a rachaidh chun tairbhe don teagasc d'fhonn cur le heispéireas cineálacha difriúla mac léinn. Beidh cur chuige straitéiseach agus comhordaithe i bhfeidhm chun a chinntiú go gcuirfear saintacaíocht teagaisc agus theicniúil ar fáil don fhoireann acadúil. Chuige seo, bunófar aonad foghlama le cuidiú teicneolaíochta: déanfar saineolas ábhartha ó chodanna difriúla den institiúid a chothú d'fhonn a chinntiú go bhforbróidh an fhoireann agus na mic léinn na hacmhainní digiteacha atá de dhíth chun gaisce a dhéanamh i dtimpeallacht ghasta dhigiteach.

Molann *Foghlaim Rannpháirteach* leathnú uailmhianach maidir le cúrsaí páirtaimseartha agus cianfoghhlama, cuirfidh ardteicneolaíocht agus tacaíocht teagaisc bonn faoina soláthar.

Déanfaidh [an tAonad don Oideachas Leanúnach Gairmiúil](#), an t-aonad nuachruthaithe uile-institiúide, ár gcláir pháirtaimseartha agus chianfhoghlama a bhainistiú, cuirfidh sé seo seirbhís chomhtháite ar fáil d'fhoghlaimoirí solúbtha de gach cineál chun leas a bhaint as cúrsaí oideachais na hOllscoile i modhanna páirtaimseartha, cumaisc nó ar líne.

Téama 1: Ag tógáil ar a bhfuil bainte amach

1.1: Ár bpríomh-mhisin: taighde agus teagasc

Aidhmeanna	Cuspóirí	Torthaí	Táscairí rathúlachta
1.1.1: Taighde den scoth a chinntiú	Ár gcáil mar ollscoil atá dírithe ar thaighde a dhaingniú	Straitéis institiúideach taighde nua 2016-20	Méadú 30% ar líon na bhfoilseachán in iriseáin atá sa 10 bpeircintíl is airde
		Feabhas ar líon agus ar chaighdeán na n-aschur taighde	Méadú 50% ar thionchar luanna foilseachán
		Éiteas oideachais dírithe ar thaighde ag gach leibhéal mar thacú le <i>Foghlaim Rannpháirteach</i>	Méadú mór ar líon na leabhar taighde agus na gcaibidlí i leabhair le foilsitheoirí ardstádais
1.1.2: Eispéireas foghlama fíor-rannpháirteach a chur ar fáil do mhic léinn	Infheistíocht a dhéanamh i ndaoine agus daoine a chumasú trí chultúr taighde atá ar ardchaighdeán agus a imríonn tionchar	Infheistíochtaí/ceapacháin straitéiseacha i réimsí ar léir iad a bheith láidir	Méadú 30% ar fhoilseacháin a bhfuil comhúdair idirnáisiúnta i gceist leo
		Struchtúir bhainistíochta taighde agus tomhas feidhmíochta níos fónta	Méadú 40% ar líon na n-acadóirí buana i mbun stiúradh dochtúireachtaí
	Foghlaim Rannpháirteach: Straitéis Teagaisc, Foghlama agus Measúnachta Ollscoil Luimnigh 2014-18 a chur i bhfeidhm	Cáil níos mó a bhaint amach maidir le hardchaighdeán teagaisc, foghlama agus feabhas na gclár léinn	Plean feidhmithe i dtaca le <i>Foghlaim Rannpháirteach</i> a chuimsíonn trí phríomhshruth 1. Rannpháirtíocht trí Leathnú 2. Rannpháirtíocht ar mhaithe le hArdchaighdeán 3. Rannpháirtíocht i dtreo Infhostaíochta

1.1.3: Cláir fochéime a neartú	Feabhas a chur ar chaighdeán na gclár léinn fochéime	Clár timthriallach cúig bliana i bhfeidhm chun ábharthacht, teagasc atá dírithe ar thaighde agus cláir atá i dtiúin le riachtanais na bhfostóirí a chinntiú	Tús le hathbhreithniú na gclár (2015 ar aghaidh)
	Caighdeán eispéireas na mac léinn fochéime a fheabhsú	Struchtúir iontrála na gclár, roghanna modúl agus modhanna seachadta clár leasaithe	Fáil ar chlár iontrála leathana tríd an Lár-Oifig Iontrála (CAO) faoi 2017 Athbhreithniú agus cíoradh ar phróisis ghrádaithe agus mheasúnaithe mar aon le haiseolais ó na mic léinn agus bainistíocht suirbhé
		Ráta coinneála mac léinn agus dul chun cinn mac léinn níos fearr	Ráta coinneála i measc mhic léinn na chéad bhliana ag 91% ar a laghad
1.1.4: Líon na mac léinn cláraithe ar chlár iarchéime agus dhochtúireachta a mhéadú	Athbhreithniú a dhéanamh ar na cláir ag leibhéal 9/10 agus ar na struchtúir táillí	Sraith athbhreithnithe clár léinn ag leibhéal 9/10	Grúpa oibre ardleibhéil chun athbhreithniú agus pleanáil a dhéanamh ar gach clár iarchéime (bunaithe faoi dheireadh 2015) mar aon leis an bplean feidhmithe (ar fáil faoi Mheitheamh 2016)
	Cláir léinn nua/leasaithe a chur ar fáil atá i dtiúin le láidreachtaí taighde agus le riachtanais an mhargaidh	Taighde níos leabaithe arís sa teagasc iarchéime	Cláir léinn nua agus leasaithe i ngach dámh a nascadh le láidreachtaí taighde agus le riachtanais an mhargaidh
		Dreasachtaí cú trí mhúnla leathdháilte acmhainní ar fáil maidir le forbairt clár nua agus leasaithe	Méadú ar líon na mac léinn cláraithe ag leibhéal 9/10 a bheidh mar 30% de dhaonra iomlán na mac léinn faoi 2019
1.1.5: Foghlaim le cuidiú teicneolaíochta a leabú sna curaclaim go léir	Cumais na foirne a fheabhsú i ngach gné den fhoghlaim le cuidiú teicneolaíochta	Sainiú foghlama le cuidiú teicneolaíochta ar fáil chun tacú leis an bhfoireann	Sainiú agus forbairt ar fáil don fhoireann acadúil i dtaca le foghlaim le cuidiú teicneolaíochta (2015)
	Cur le líon na gclár léinn solúbtha	Seirbhís chomhtháite ar fáil d'fhoghlaimoirí solúbtha san Aonad don Oideachas Gairmiúil Leanúnach (CPE)	Cur le líon na gclár léinn solúbtha, páirtaimseartha, cumaisc, cianfoghhlama agus obairbhunaithe (a bheidh mar 20%+ de dhaonra iomlán na mac léinn cláraithe faoi 2019)

1.2 Ár bpobail áitiúla agus réigiúnacha

Tá an chomhthairbhe atá le baint as rannpháirtíocht lenár bpobail ina dlúthchuid riamh maidir le carachtar agus féiniúlacht institiúide a fhorbairt. Faoin bplean seo, féachfaidh OL le tógáil ar “*an nasc láidir agus buan atá ann lenár bpobail*” a d’aithin *Ceannródaíocht & i dTeagmháil* mar ghné rílárnach dár n-institiúid.

Le bheith níos rannpháirtí inár bpobail, déanfaimid an méid seo a leanas (i) tacóimid le plan forbartha Luimnigh mar a léiríodh in *Luimneach 2030*; (ii) cuirfimid rannpháirtíocht phoiblí chun cinn ach é a leabú sna curaclaim go léir agus straitéis rannpháirtíochta poiblí ar fud na hinstitiúide a fhorbairt; (iii) comhoibriú lenár gcomhpháirtithe réigiúnacha; agus (iv) daonra na mac léinn a dhéanamh níos éagsúla ach a chinntiú go mbeidh fáil ag cách ar na cláir léinn.

1.2.1 Tacú le fíis Luimneach 2030

Is straitéis forbartha é [Luimneach 2030 – Plean Eacnamaíoch agus Spásúil do Luimneach](#) chun athbheochan eacnamaíochta, shóisialta agus fhisiciúil Chathair Luimnigh a stiúradh. Aithníonn an plan seacht dtionscadal thrasfhoirmeacha, ceann acu a shainítear mar champas ardoideachais i lár na cathrach. Tacóimid le Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh maidir le plan *Luimneach 2030* a chur i gcrích.

Forbróimid ionad cónaithe 350 seomra do mhic léinn i ngnócheantar Ionad Ceoldrámaíochta Luimnigh i gcomhar le Cuibhreannas Shionainne agus Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh. San Ionad Ceoldrámaíochta freisin, cuimseoidh [Fab Lab](#) OL stiúideonna teagaisc dheartha, spás taispeántais agus gníomhaíocht deartha, saotharlanna agus gorlann teagaisc i gcomhair fiontair agus nuálaíochta. Cuirfidh an ghorlann sláinte idirghairme, pobalbhunaithe ar chumas na foirne ó na heolaíochtaí sóisialta cláir shláinte agus folláine a chur ar fáil do ghrúpaí pobail.

Oibreoidh freisin i gcomhar le Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh chun naisc iompair a fheabhsú idir an campas agus an chathair agus rachaimid i gcomhpháirt le straitéisí áitiúla agus réigiúnacha chun tacú le fostaíocht céimithe in earnálacha ríthábhachtacha an gheilleagair.

1.2.2 Rannpháirtíocht phoiblí a chur chun cinn

I mí an Mheithimh 2014, bhí Ollscoil Luimnigh ar cheann de na chéad eagraíochtaí a shínigh [An Chairt Rannpháirtíochta Campais don Rannpháirtíocht Phoiblí agus Pobail](#). Ba léiriú é síniú na cairte ar ár mian chun na naisc idir an Ollscoil agus ár bpobail a threisiú. Chun tacú leis an gcuspóir seo, forbróimid straitéis uile-institiúide a dhaingneoidh rannpháirtíocht phoiblí inár ngníomhaíochtaí taighde agus teagaisc. Bunóimid Oifig *Rannpháirtíochta OL* chun rannpháirtíocht phoiblí a chothú agus sinn ag léiriú agus ag taispeáint gníomhaíocht uile na rannpháirtíochta poiblí ar bhealach comhordaithe.

Leathnófar [Gradam an Uachtaráin d’Obair Dheonach](#), atá ar cheann de na cláir dheonacha mac léinn is mó san Eoraip, ach cur le rátaí rannpháirtíochta na mac léinn agus leagan oiriúnaithe den chlár a thairiscint dár mic léinn idirnáisiúnta ar cuairt.

1.2.3 Comhoibriú le comhpháirtithe réigiúnacha

Tríd an obair a dhéanaimid le Cuibhreas Shionainne agus le Cnuasach Réigiúnach an Lár-larthair, deimhnímid a mheáite is atáimid ar chomhchuspóirí náisiúnta a bhaint amach i dtaca le forbairt an ardoideachais réigiúnaigh de réir pholasaí an rialtais. Díreoidimid, go háirithe, ar an Lárionad Náisiúnta do Léann an Oideachais (NISE) a fhorbairt, ar chomhchlár Baitsiléir Ealaíon a sheoladh i gcomhar le Coláiste Mhuire gan Smál agus ar Scoil chomhnasctha Chéimithe Luimnigh a bhunú.

Cothaíonn an Chomhghuaillíocht Straitéiseach idir OL agus OÉ Gaillimh comhoibriú idir an dá institiúid i réimsí an teagaisc agus na foghlama, an taighde agus na nuálaíochta, agus seirbhísí comhroinnte. Cé go bhfuil polasaí náisiúnta i dtaca le cnuasaigh réigiúnacha tar éis obair na comhghuaillíochta a ghlacadh ar láimh, a bheag nó a mhór, táimid meáite ar leanúint ar aghaidh ag obair i gcomhar le OÉ Gaillimh tríd an gcomhghuaillíocht.

Oibreoidimid go dlúth le Grúpa Ospidéal Ollscoil Luimnigh agus déanfaimid infheistíocht i bhforbairt an Lárionaid Taighde agus Oideachais Chliniciúil ar champas Ospidéal na hOllscoile, Luimnigh. Treiseoidimid, freisin, an obair a dhéanaimid i gcomhar le Shannon International Aviation Services Centre, agus sinn meáite ar chur le hearnáil bhríomhar na heitlíochta in Aerfort na Sionainne agus sa réigiún máguaird.

1.2.4 Éagsúlacht phobal na mac léinn fochéime a mhéadú

Is príomhghnéithe den phlean seo i gcónaí iad cothroime rochtana agus rannpháirteachas níos leithne. Is mór againn an ceartas sóisialta, an uilechuimsitheacht agus an éagsúlacht agus is as sin a eascraíonn ár dtiomantacht i leith cothroime rochtana. Agus sinn ag freagairt do dhomhan atá ag éirí níos éagsúla de réir a chéile ó thaobh na sochaí de, táimid meáite ar bhearta cuí iontrála, cláir shaincheaptha agus seirbhísí tacaíochta a chur ar fáil a chinnteoidh comhionannas rochtana, rannpháirtíochta agus torthaí do ghrúpaí mac léinn ar mionlaigh san Ollscoil iad. Mar chuid den straitéis atá againn chun éagsúlacht phobal na mac léinn a mhéadú, leagfaimid síos spriocanna a oireann don réigiún i dtaca le mic léinn lánfhásta, mic léinn atá faoi mhíchumas agus mic léinn ar de chúlra atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíochta iad. Cuirfimid córas rianaithe i bhfeidhm, freisin, a bheidh nasctha le planáil shaincheaptha seirbhísí tacaíochta do mhic léinn ó na grúpaí sin.

Téama 1: Tógáil ar ár n-éachtaí

1.2: Ár bpobail áitiúla agus réigiúnacha

Aidhmeanna	Cuspóirí	Torthaí	Táscairí rathúlachta
1.2.1: Tacú le fíis <i>Luimneach 2030</i>	Tacú le forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúir Luimnigh	OL a bheith le feiceáil níos mó i lár na cathrach	Forbairt lóistín do mhic léinn i lár na cathrach i gcomhpháirtíocht le comhpháirtithe Chuibhreannas Shionainne agus Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh
		Naisc iompair níos fearr idir an campas agus an chathair	Lárionad sláinte pobalbhunaithe idirghairme agus cóiríocht bhuan do Fab Lab OL i lár na cathrach
	Oibriú i gcomhar le Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh chun príomhghnéithe phlean <i>Luimneach 2030</i> a sheachadadh	Rannpháirtíocht OL i straitéisí a bhaineann le cruthú poist/coinneáil mac léinn chun tacú le fostaíocht céimithe i bpríomhearnálacha	Úsáid níos lú á baint as carranna agus úsáid níos mó á baint as iompar poiblí, as siúl na gcos agus as an rothaíocht chun an champais
1.2.2: Rannpháirtíocht poiblí a chur chun cinn	Rannpháirtíocht poiblí a bheith mar ghnáthchuid dár gcuraclaim	Tuilleadh deiseanna do mhic léinn trí Ghradam an Uachtaráin don Obair Dheonach (PVA), lena n-áirítear clár ar leith do mhic léinn idirnáisiúnta ar cuairt	Méadú 50% ar rannpháirtíocht mac léinn sa chlár PVA
	Leas níos mó a bhaint as gníomhaíochtaí rannpháirtíochta poiblí OL	Cur chuige ilfhreastail i leith gníomhaíochtaí rannpháirtíochta poiblí na foirne	Comhpháirtíocht OL: lároifig chun gníomhaíocht rannpháirtíochta poiblí a bhainistiú agus a chomhordú (bunaithe faoi 2016)
		Straitéis rannpháirtíochta poiblí OL ar fud na hinstiúide (le foilsiú in 2017)	Iníúchadh ar ghníomhaíocht rannpháirtíochta poiblí (le bheith críochnaithe faoi 2016)

1.2.3: Comhoibriú le comhpháirtithe réigiúnacha	Aghaidh a thabhairt ar pholasaí reatha náisiúnta i dtaca le tírdhreach athraithe an ardoideachais agus ar fhorbairt bhreise Chnuasach Réigiúnach an Lár-Iarthair (UL, MIC agus LIT)	Foráil acadúil roinnte sa chnuasach i bpríomhréimsí chun tacú le cuspóirí roinnte i leith gníomhaíocht chnuasaigh ardoideachais réigiúnaigh a bhaint amach chun teacht le polasaí an rialtais	Cuibhreannas Shionainne/Cnuasach Réigiúnach an Lár-Iarthair: – An Institiúid Náisiúnta do Léann an Oideachais (NISE) (ag feidhmiú ina hiomláine faoi 2016) – Scoil Chomhnasctha Chéimithe Luimnigh (bunaithe faoi 2016) – Comhchéim sna hEalaíona (UL & MIC) (Bliain Acadúil 2017/18)
	Cur lenár naisc taighde agus teagaisc le Grúpa Ospidéal Ollscoil Luimnigh	Rannpháirtíocht ghníomhach idir foireann cúraim sláinte agus mic léinn i suíomh cliniciúil	Lárionad Oideachais agus Taighde Chliniciúil bunaithe ar champas Ospidéal na hOllscoile, Luimnigh in 2016
	Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar chaidreamh OL le Shannon International Aviation Services Centre	Comhoibriú fiúntach le hearnáil bhríomhar na heitlíochta in Aerfort na Sionainne agus an réigiún máguaird	Scópáil mhionsonraithe tugtha chun críche (deireadh 2016)
1.2.4: Éagsúlacht phobal na mac léinn fochéime a mhéadú	Deimhin a dhéanamh de go mbíonn teacht comhionann ag cách ar chlár OL	Córas rianaithe nasctha le pleanáil shaincheaptha seirbhísí tacaíochta do mhic léinn lánfhásta, do mhic léinn atá faoi mhíchumas agus do mhic léinn ar de chúlra atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíochta iad	Céatadán na n-iontrálaithe lánaimseartha neamhchaighdeánacha ar chlár fochéime a mhéadú go 28% den iontráil iomlán faoi 2018

1.3 Comhaltaí foirne, mic léinn agus alumni

Tá na comhaltaí foirne, na mic léinn agus an alumni mar chuid lárnach d'fheidhmíocht na hOllscoile: is iad an tsócmhainn is mó atá ag ár n-institiúid, agus sa phlean seo deimhnímid arís eile a meáite is atáimid ina leith. Ach a mbeimid meáite ar an rathúlacht, beidh ar ár gcumas caighdeán níos airde a bhaint amach maidir le gach a ndéanfaimid agus is mó an t-aitheantas idirnáisiúnta a bheidh againn.

Creidimid go bhfuil na daoine a oibríonn i dtreo comhspríocanna nasctha le chéile, ar an bhfoireann agus sa phobal. Trí thacú lenár bhfoireann aghaidh a thabhairt ar riachtanais na mac léinn agus oibriú níos dlúithe leis an alumni, tá deis níos fearr againn ár spriocanna fadtéarmacha a bhaint amach. De réir thraidisiún na nGael, is í seo *meitheal* uathúil na hOllscoile. D'fhonn an caidreamh seo a fhorbairt agus a chothú teastóidh meascán gníomhartha, straitéisí agus iompraíochtaí inláimhsithe.

1.3.1 Tacú le comhaltaí foirne

Is í an aidhm atá againn ollscoil a chothú a chumhachtaíonn na comhaltaí foirne a lánchumas a bhaint amach i dtimpeallacht chomhghleacúil agus thacúil. Déanfaimid infheistíocht d'fhonn an acmhainn foirne a mhéadú trí earcaíocht, trí chomhaltaí foirne a choimeád agus tríd an bhforbairt ghairmiúil leanúnach agus déanfaimid infheistíocht inár gcumais cheannaireachta a mhéadú. Déanfaimid nasc idir cumas na gcomhaltaí aonair foirne agus na dualgais a leagfar orthu ionas go mbeidh siad in ann cur le cuspóirí straitéiseacha na hOllscoile tríd is tríd.

Cuirimid romhainn an cleachtas is fearr i dtaca le cothroime inscne a léiriú i ngach gné dár gcuid gníomhaíochtaí. Treiseoidimid an cháil atá orainn mar ollscoil atá ar thús cadhnaíochta in Éirinn maidir le rannpháirtíocht mná i ról shinsearach. Lorgóimid creidiúnú Athena Swan i ndisciplíní STEMM (an eolaíocht, an teicneolaíocht, an innealtóireacht, an mhataimic agus an leigheas) agus tacaímid go láidir le Athena Swan a leathnú chun disciplíní neamh-STEMM a ghlacadh san áireamh.

Leanfaimid orainn ag cothú úsáid na Gaeilge ar an gcampas trí cheanglais Acht na dTeangacha Oifigiúla a chur i bhfeidhm, trí dheiseanna neamhfhoirmiúla comhrá Gaeilge a chruthú agus trína chinntiú go dtiocfaidh méadú leanúnach ar líon na gcomhaltaí foirne a mbronnfar Teastas Cumais sa Ghaeilge orthu.

1.3.2 Aghaidh a thabhairt ar riachtanais na mac léinn

Trí chomhaltaí foirne agus mic léinn a cheangal le chéile ar bhealach fíor agus atá chun leasa an dá dhream, forbróimid pobal foghlama bunaithe ar chóras luachanna cómhalmartach coibhneasta. Chun clúdach níos fairsinge a thabhairt do ghlór an mhic léinn, cuirfimid tús le caidreamh nua struchtúrtha idir Aontas na Mac Léinn agus ceannaireacht shinsearach na hOllscoile agus cinnteoidimid go mbeidh ionadaíocht ag mic léinn ar gach bord cúrsa. Glacfaimid le prótacail i leith am teagmhála na mac léinn agus stiúradh tráchtas agus athróimid ó bhonn córas chomhairleoirí na mac léinn. D'fhonn mic léinn chumasacha a mhealladh agus a choinneáil, cuirfimid scéimeanna scoláireachta ar fáil a thugann aitheantas

d'obair acadúil, spóirt, chultúrtha agus rannpháirtíochta poiblí na mac léinn. Chomh maith leis sin, forbróimid scéimeanna luacha saothair do mhic léinn dochtúireachta.

Tuigimid gur ambasadóirí do OL iad ár gcuid mac léinn. D'fhonn aitheantas a thabhairt don onóir a bhronnann siad ar an institiúid agus ar a gcion ar mhaithe le cáil OL, cuirfidimid ar taispeáint a gcuid éachtaí agus gníomhaíochtaí inár gcumarsáid inmheánach agus sheachtrach.

1.3.3 Teagmháil le alumni

Tá pobal alumni a áiríonn 70,000 duine in os cionn 100 tír againn agus iad lán le sprid feabhais agus éachtaí atá anois mar lárchuid d'éiteas OL. Déanaimid iarracht caidrimh fadsaoil a chothú leis an alumni; táimid ag iarraidh a gcuid éachtaí a cheiliúradh agus a dtacaíocht dá *alma mater* a chothú. Tabharfaimid cuireadh do dhámha, ranna agus institiúidí taighde gníomhaíochtaí atá dírithe ar an alumni a chur chun cinn. Ag an leibhéal sinsearach, feabhsóimid ár gcumarsáid leis an alumni. Go háirithe, eagróimid teacht le chéile bliantúil don alumni bunaithe ar théama ar leith chun tacú le pleanáil ollscoile agus chun idirghníomhaíocht níos dlúithe a chur chun cinn idir [Cumann Alumni Ollscoile Luimnigh Teo \(ULAA\)](#) agus [Fondúireacht Ollscoil Luimnigh](#).

Déanfaimid iarracht caidrimh a chothú lenár alumni idirnáisiúnta le súil go n-earcóidh siad mic léinn chun freastal ar Ollscoil Luimnigh agus chun próifíl na hOllscoile a chur chun cinn thar lear. Seolfar scéim ambasadóra alumni chun aird a tharraingt ar rath an alumni go hidirnáisiúnta agus chun cumarsáid idir phiaraí a fhorbairt le mic léinn phoitéinsiúla OL agus a dteaghligh. Tar éis díriú ar dtús báire ar thíortha ina bhfuil líonraí seanbhunaithe agus alumni idirnáisiúnta againn, breathnóimid ar thíortha eile chun scóip an fhiontair alumni a leathnú.

Téama 1: Ag tógáil ar a bhfuil bainte amach againn

1.3: Comhaltaí foirne, mic léinn agus alumni

Aidhmeanna	Cuspóirí	Torthaí	Táscairí rathúlachta
1.3.1: Tacú le comhaltaí foirne	Tacú le forbairt ghairmiúil leanúnach na gcomhaltaí foirne	Cláir athbhreithnithe oiliúna nasctha le Córas Athbhreithnithe Forbartha Feidhmíochta (PDRS)	Méadú 20% ar líon na gcomhaltaí foirne a thugann faoi dheiseanna oiliúna agus forbartha
		Oiliúint agus forbairt shaincheaptha do thaighdeoirí	Plean gnímh d'fhorbairt ghairmiúil taighdeoirí bunaithe ar European Charter for Researchers agus ar Code of Conduct for Recruitment of Researchers (2015-19)
	Cumais cheannaireachta a fhorbairt	Forbairt cheannaireachta ina dlúthchuid den phróiseas PDRS	≥ 2 chlár ceannaireachta seachadta gach bliain
	Na comhaltaí foirne is fearr amuigh a mhealladh agus a choimeád	Polasaithe earcaíochta agus ardaithe céime a threíonn mais chriticiúil i réimsí ardfheidhmíochta, nuálacha agus nideoige	Pleanáil gach trí bliana do cheapacháin in aonaid ardfhéidearthachta/i réimsí nua agus nuálacha
			Leanúint ar aghaidh le próiseas athbhreithnithe grád/arduithe céime, idir acadúil agus neamh-acadúil (2015-19)
	Ualach oibre na foirne a dhlúthnascadh le spriocanna na hinstitiúide	Socrú amchláir/sceidealú agus ualaigh oibre ag déanamh éascaíochta d'aschur breise taighde	Athbhreithniú ar shamhlacha sannta amchláir/sceidealúcháin agus ualaigh oibre tugtha chun críche
	Cur lenár gcáil náisiúnta maidir le rannpháirtíocht ban i róil shinsearacha acadúla	Gníomhartha Athena Swan á gcur i bhfeidhm i ngach disciplín	Creidiúnú Athena Swan bainte amach (Bronze, 2015; Silver, 2019)
Úsáid na Gaeilge ar an gcampas a chur chun cinn	Oiliúint sa Ghaeilge ar fáil do gach comhalta foirne gach bliain	Méadú ar líon na gcomhaltaí foirne a ghnóthaíonn an Teastas Cumais sa Ghaeilge	

Téama 1: Ag tógáil ar a bhfuil bainte amach againn

1.3.2: Aghaidh a thabhairt ar riachtanais na mac léinn	Mic léinn ardhgnóthachtála a aithint agus dreasachtaí nó deiseanna a chur ar fáil dóibh chun a dtallanna a chothú	Deiseanna scoláireachta ar fáil dóibhsean a bhaineann barr feabhais amach i ngníomhaíochtaí acadúla, spóirt, cultúr, idirnáisiúnta agus rannpháirtíochta pobail	An cistiú scoláireachta atá ar fáil faoi chlár nua scoláireachta fochéime agus iarchéime ar fud na hinstiúide dúbailte (faoi 2019) Scéimeanna luacha saothair taighde do mhic léinn dhochtúireachta i bhfeidhm faoi 2016
	Conairí aiseolais (foirmiúil agus neamhfoirmiúil) idir comhaltaí foirne agus mic léinn a mhéadú	Prótacail do chomhairleoirí mac léinn, d'am teagmhála, do stiúradh taighde, (FYP, máistreacht, PhD, etc.)	Córais athbhreithnithe do chomhairleoirí mac léinn (i bhfeidhm faoi 2016)
	Clúdach níos leithne a thabhairt do ghlór an mhic léinn	Ionadaíocht níos mó ó mhic léinn ar fhóraim OL	Cruinnithe rialta struchtúrtha idir Aontas na Mac Léinn (ULSU) agus an Coiste Feidhmiúcháin; ionadaíocht mac léinn ar bhoird cúrsaí (ó 2016 ar aghaidh)
	Cur le próifíl gníomhaíochtaí faoi stiúir na mac léinn	Gníomhaíochtaí na mac léinn a bheith le feiceáil níos mó i gcumarsáid OL, an láithreán gréasáin san áireamh	Eolas ULSU le fáil ar phríomhláithreán gréasáin OL
1.3.3: Teagmháil le alumni	Straitéis chomhroinnte a fhorbairt do ghníomhaíochtaí atá dírithe ar alumni	Comhoibriú níos fearr idir ULAA, UL agus Fondúireacht OL i dtaca le planáil, earcaíocht, taighde agus seirbhísí don phobal	Slata tomhais a leagan síos d'athbhreithniú ar struchtúir alumni agus ar na gníomhaíochtaí a dtugtar fúthu Ócáidí bliantúla alumni lena mbaineann téamaí éagsúla
	Éascaíocht a dhéanamh don alumni tacaíocht a thabhairt d'earcaíocht mac léinn idirnáisiúnta agus ár bpróifíl dhomhanda a fheabhsú	Alumni thar lear ag dul i gcionn ar bhealach dearfach ar earcaíocht mac léinn idirnáisiúnta agus ag feabhsú na próifíle	Ambasadóirí alumni ceaptha i dtíortha tosaíochta Tionóil alumni mar chuid d'imeachtaí poiblíochta thar lear

Téama 2: Béim a leagan ar ár n-uathúlacht

D'fhonn béim a leagan ar ár n-uathúlacht, cinnteoidimid go bhfuil tionchar ag ár gcuid taighde, leagfaimid tábhacht nach beag ar infhostaitheacht agus ar chaidreamh le lucht tionscail agus forbróimid ár mbonneagar agus saol an champais.

2.1 Tionchar taighde

Cuireann Ollscoil Luimnigh béim láidir ar thóir neamhspleách an eolais trí cheistiúchán criticiúil agus trí smaointe nua a fhorbairt, agus táimid ag súil go dtabharfaidh ár bhfoireann acadúil ar fad faoi taighde ar ardchaighdeán. Dá réir sin, is mór againn iarrachtaí taighde gach ball de phobal an champais agus tacaímid leo.

Chuir an t-éiteas taighde ar leith atá againn béim i gcónaí ar thaighde aistritheach aontreoch ar bhealach a thrasnaíonn an diceatóime traidisiúnta idir buntaighde agus taighde feidhmeach chun torthaí eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha a bhaint amach ar bhealach níos tapúla. Tagann an cur chuige seo le polasaí reatha náisiúnta agus AE, agus tá fás suntasach tagtha ar ioncam ó thaighde mar thoradh air seo – ó €20 milliún sa bhliain 2008 go dtí breis is €50 milliún sa bhliain 2015. D'fhonn a chinntiú go mbeidh tionchar i gcónaí ag ár dtaighde, forbróimid mais chriticiúil i réimsí traidisiúnta láidreachta agus cothóimid réimsí nua agus nideoige a bhfuil cumas acu taighde a chur ar fáil a théann chun sochair an gheilleagair agus na sochaí.

2.1.1 Mais chriticiúil a fhorbairt sa taighde aistritheach

D'fhonn inbhuanaitheacht a chinntiú, cuirfimid pleananna mionsonraithe i bhfeidhm chun forbairt fhadtréimhseach na réimsí atá aitheanta mar réimsí láidreachta taighde a chur chun cinn, eadhon ábhair, ard-déantúsaíocht, bogearraí, sláinte agus eolaíochtaí matamaiticiúla feidhmeacha. Chun cur leis an mais chriticiúil i réimsí láidreachta, tabharfaimid faoi aon dhíon amháin an Institiúid Eolaíochta Ábhar & Dromchla (MSSI) agus Institiúid Stokes agus beidh Institiúid Bernal mar thoradh ar an teacht le chéile sin. Mar thoradh ar an bhforbairt seo beidh sineirgí cruthaitheacha nach bhfuil indéanta in institiúidí Éireannacha eile.

Beidh feidhm lárnach ag Lero (Lárionad Taighde na hÉireann don Innealtóireacht Bogearraí) agus ag an Institiúid Taighde Sláinte (HRI) maidir lenár spriocanna taighde straitéisigh a chur ar fáil agus cuirfidh siad ardán seasmhach agus inbhuanaithe ar fáil d'fhorbairt bhreise ar ár láidreachtaí uathúla taighde. De bharr obair an HRI i dtacú le comhoibriú le comhpháirtithe cliniciúla thar lear, in Éirinn agus go háitiúil in Ospidéal na hOllscoile, Luimneach cuirfear le caighdeán na n-aschur taighde agus beidh torthaí feabhsaithe sláinte dá bharr.

Cothófar réimsí taighde nua agus nideoige, agus cuirfear le chéile critéir agus pleananna mionsonraithe chun ár n-iarrachtaí taighde ar fad a aithint, a fhorbairt agus a chothabháil.

2.1.2 Taighde a chur ar fáil a théann chun leasa an gheilleagair agus na sochaí

Mar institiúid atá dár dtreorú ag taighde, ní leor a rá go ndéanann ár gcuid taighde difear: táimid ag iarraidh tionchar an taighde sin a dheimhniú. Trínár n-éiceachóras d'fhoirne

taighde ildisciplíneacha, tá ár gcuid oibre soiléir i raon leathan réimsí, ó fhionnachtana a bhfuil gradaim bainte amach acu go polasaí náisiúnta, cúram othar feabhsaithe agus poist ardluacha a chur ar fáil.

Le linn thréimhse an phlean seo, beachtóimid ár sainiúlacht shaintréitheach chun go mbeimid mar cheannaire aitheanta i dtéarmaí tionchar taighde a chur in iúl. Spreagfar taighdeoirí as gach disciplín chun cás-staidéir tionchair taighde a fhorbairt a léiríonn nasc soiléir idir a gcuid taighde agus a bhfeidhmeanna eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha níos leithne. Díreoidh an clár [Tionchar Taighde](#) atá i bhfeidhm ar fud na hinstiúide ar an luach aistritheach a bhaineann le hiarrachtaí taighde aonair agus chomhoibríoch (laistigh agus lasmuigh den saol acadúil) a uasmhéadú. Tabharfaidh an clár sainmhíniú ar ár n-aschuir agus cothóidh sé cultúr taighde a chuireann ar chumas réimsí nua agus réimsí atá ag teacht chun cinn fás agus bláthú. I mbeagán focal, samhlófar *Tionchar Taighde* lenár n-institiúid thar thréimhse an phlean seo.

Téama 2: Béim a leagan ar ár n-uathúlacht

2.1: Tionchar Taighde

Aidhmeanna	Cuspóirí	Torthaí	Táscairí rathúlachta
2.1.1: Mais chriticiúil a fhorbairt sa taighde aistritheach	Réimsí láidreachta taighde a chomhtháthú trí infheistíocht straitéiseach agus ailíniú ar cheapacháin i ndámha agus in institiúidí	<p>Institiúidí taighde ag baint leasa as infheistíochtaí straitéiseacha i gcaipiteal daonna agus i mbonneagar fisiciúil chun a bpoitéinseal iomlán a bhaint amach mar na hinstitiúidí is mó a chuir dlús faoi ghníomhaíocht taighde agus mar cheannairí domhanda ina ndisciplíní</p> <p>Pleanáil dea-chleachtais agus múnlaí maoirseachta do lárionaid náisiúnta a láidríonn an mhais chriticiúil agus a chuireann le straitéisí earcaíochta agus éagsúlachta cistiúcháin</p>	<p>Institiúid Bernal bunaithe (Bliain Acadúil 2015/16)</p> <p>Pleananna forbartha ilbhliantúla curtha i dtoll a chéile do thrí institiúid (Bernal, Lero, HRI)</p> <p>Próisis curtha ar bun chun maoirseacht inmheánach agus tacaíocht do lárionaid náisiúnta a chinntiú</p>
	Réimsí nua láidreachta agus réimsí nideoige a chothú	Pleanáil fhadhbheathnaitheach bunaithe chun réimsí taighde nua a fhorbairt agus a chothú	Critéir mhionsonraithe leagtha amach chun réimsí taighde nideoige agus nua a aithint agus a fhorbairt
2.1.2: Taighde a chur ar fáil a théann chun leasa an gheilleagair agus na sochaí	An tionchar atá ag taighde OL thar gach disciplín a léiriú	Rannpháirtíocht náisiúnta/idirnáisiúnta leis an gclár Tionchar Taighde agus aitheantas don chlár	<p>Clár Tionchair Taighde OL: imeachtaí iomráiteacha, cás-staidéir, gradaim, tionscnaimh chistiúcháin síl, oiliúint shaincheaptha foirne agus dochtúireachta (2015-19)</p> <p>Tuarascáil Tionchair Eacnamaíoch agus Shóisialta curtha i dtoll a chéile (2016)</p>

2.2 Rannpháirtíocht tionscail agus infhostaitheacht

Tá stádas ar leith againn ó thaobh na hinfhostaitheachta mar gheall go ndírímid ar fhoghlaim atá ceangailte le saol na hoibre. Faobhar OL a thugaimid air seo. Anois áfach, tá an aird a chuireamar i gcónaí ar infhostaitheacht agus ar rannpháirtíocht le comhpháirtithe seachtracha á mheaitseáil le hathrú polasaí i dtreo céimithe a bheith ullamh don ionad oibre agus taighde aistritheach a thugann aghaidh ar leith ar riachtanais an fhostóra ar fud earnáil an ardoideachais. D'fhonn fanacht chun tosaigh sa réimse seo, deimhnímid a mheáite is atáimid ar Chomharoideachas agus ar infhostaitheacht céimithe, freagróimid riachtanais taighde agus forbartha an tionscail agus déanfaimid tuilleadh forbartha ar chultúr na fiontraíochta agus na nuálaíochta.

2.2.1 Ár dtiomantas do chomharoideachas agus d'infhostaitheacht céimithe a dheimhniú

Tugaimid na scileanna agus an t-eolas do mhic léinn a theastóidh uathu go n-éirí leo ina ngairmeacha roghnaithe. Tá ár gcur chuige bunaithe ar oibriú le gach mac léinn fochéime óna gcéad bhliain céime sula dtugann siad faoi chlár éigeantach socrúcháin oibre.

Sa phlean seo, dearbhóimid an athuair go bhfuilimid meáite don chomharoideachas agus d'infhostaitheacht céimithe trí (i) iarracht a dhéanamh ár seasamh láidir i dtéarmaí rátaí náisiúnta infhostaitheachta céimithe a choimeád (Faobhar OL); (ii) cláir fochéime a ailíniú le riachtanais an fhostóra; agus (iii) a bheith níos freagrúla do riachtanais athraitheacha agus ionchais fostóirí agus an tionscail. I measc na dtorthaí a bhfuiltear ag súil leo tá leathnú ar an gclár comharoideachais, rannpháirtíocht níos mó ó na fostóirí maidir le dearadh clár agus próisis athbhreithnithe, modúil dírithe ar infhostaitheacht/forbairt gairme agus líonra comhpháirtithe chun comhoibriú ar chruthú post agus ar riachtanais forbartha geilleagracha an réigiúin.

2.2.2 Freagairt do riachtanais taighde agus forbartha an tionscail

D'fhonn a chinntiú go leanfaimid ar aghaidh ag freagairt do riachtanais taighde agus forbartha an tionscail, déanfaimid athbhreithniú ar ár struchtúir agus straitéisí rannpháirtíochta tionscail agus cuirfimid leis an obair mhór a dhéanaimid cheana féin maidir le haistriú teicneolaíochta agus gorkanna gnó. Faoi na téarmaí a bhaineann le straitéis nua aistrithe eolais agus fiontraíochta, cuirfimid fóram comhpháirtíochta straitéisí i bhfeidhm chun aiseolas a aithint, a bhunú agus a chur ar fáil i ndáil le comhpháirtíochtaí idir tionscal agus ár n-ionaid agus institiúidí tacaíochta tionscail (arb ionann iad faoi láthair agus infheistíocht €130 milliún agus a bhfuil breis is 85 comhpháirtí tionscail bainteach leo). Cinnteoidh an straitéis aistrithe eolais agus fiontraíochta go ndéantar athbhreithnithe gach bliain lenár bpríomh-chomhpháirtithe tionscail/taighde.

D'fhonn ár seasamh mar rogha comhpháirtí do thaighde a thugann aghaidh ar shainriachtanais tionscail a choinneáil, díreoimid ar leibhéal táscaire dea-chleachtais idirnáisiúnta aistrithe teicneolaíochta faoi 2019 maidir leis an líon ceadúnas, roghanna agus tascanna sínithe le lucht tionsclaíochta agus an líon faisnéisiú fionnachtana agus iarratas ar phaitinní a rinneadh. Tá sé mar aidhm againn chomh maith méadú suntasach a chur ar líon

na seach-chuideachtaí a bhunaítear in OL agus an méid ioncaim taighde a thagann ó thionscal.

2.2.3 Cultúr fiontraíochta agus nuálaíochta a fhorbairt

Bealach eile chun Faobhar OL a choinneáil is ea an cultúr aitheanta fiontraíochta agus nuálaíochta a bhaineann linn a leabú i ngach cuid den institiúid agus chun tacú le gorlanna gnó, gnólachtaí nuathionscanta agus oiliúint fiontraíochta ar gach leibhéal. Ag tráth nuair a bhí sé dúshlánach infheistíocht a fháil do ghnólachtaí nuathionscanta, rinne seach-chuideachtaí de chuid Ollscoil Luimnigh sa bhreis ar €150 milliún ó 2006 i leith. Is mian linn cur leis an obair sin anois.

Leanfar ar aghaidh ag cur tacaíocht agus oiliúint ar fáil do chuideachtaí nuathionscanta, do chomhaltaí foirne agus do mhic léinn in Ionad Nuálaíochta Nexus. Ina theannta sin, tabharfaidh tionscnamh nua institiúide, Conair Fiontraíochta OL, an ghníomhaíocht fiontraíochta atá ag tarlú cheana féin in aonaid éagsúla in OL le chéile d'fhonn sainoiliúint fiontraíochta agus cúnamh a chur ar fáil dóibh siúd atá ag cur fiontair nua ghnó ar bun agus deiseanna do mhic léinn chun idirghníomhú leis an bpobal nuathionscanta.

Téama 2: Béim a leagan ar ár n-uathúlacht

2.2: Rannpháirtíocht tionscail agus infhostaitheacht

Aidhmeanna	Cuspóirí	Torthaí	Táscairí rathúlachta
2.2.1: Ár dtiomantas do chomharoideachas agus d'infhostaitheacht céimithe a dheimhniú	Ár seasamh láidir náisiúnta i dtéarmaí fostaíocht céimithe a chothú	Ráta fostaíochta céimithe daingnithe nó feabhsaithe An clár comharoideachais is cuimsithí in Éirinn	Ráta fostaíochta céimithe $\geq 10\%$ os cionn an mheáin náisiúnta ollscoile 1,600+ socrúchán comharoideachais go bliantúil; ráta socrúcháin bliantúil 90%+ agus is socrúcháin idirnáisiúnta iad 20% ar a laghad de na socrúcháin
	Ábhar na gclár fochéime a ailíniú níos fearr le riachtanais na bhfostóirí	Rannpháirtíocht fostóirí ar an bpróiseas deartha agus athbhreithnithe clár do gach clár fochéime	Torthaí a bhaineann le hinfhostaitheacht leabaithe i bpróiseas athbhreithnithe timthriallach na gclár (ó 2015/16 ar aghaidh)
		Sraith modúl dírithe ar infhostaitheacht/forbairt gairme (fochéime agus iarchéime)	Féinmheasúnú agus machnamh éigeantach ó gach mac léinn comharoideachais maidir le scileanna gnóthaithe poist Plean forbartha pearsanta scileanna inaistrithe curtha ar fáil do gach iarchéimí taighde (Bliain Acadúil 2015/16) mar chuid den mhúnla dochtúireachta struchtúrtha Sonraí forbartha scileanna comharoideachais a roinnt le dámha agus le ranna (Bliain Acadúil 2016/17)
	A bheith níos freagrúla do riachtanais athraitheacha agus d'ionchais fostóirí agus an	Líonra comhpháirtithe faoi bhainistíocht (fostóirí, gníomhaireachtaí forbartha stáit [gníomhaireachtaí FDI san áireamh],	750 cuairt tugtha ag fostóirí go dtí campas OL gach bliain; 850 cuairt déanta ag OL go dtí ionaid fostóirí gach bliain

Téama 2: Béim a leagan ar ár n-uathúlacht

	tionscail	comhlachais earnála agus comhlachtaí gairmiúla) ag freastal ar chruthú post agus ar riachtanais forbartha eacnamaíocha réigiúnacha	Imeachtaí ‘meitheal machnaimh’ sonracha d’earnálacha ar leith; suirbhé débhlantúil ar fhostóirí céimithe; líonrú le fostóirí chun riachtanais athoiliúna agus breisoiliúna a aithint
2.2.2: Freagairt do riachtanais taighde agus forbartha an tionscail	Athbhreithniú a dhéanamh ar struchtúir rannpháirtíochta tionscail	Straitéis Aistrithe Eolais agus Fiontraíochta foilsithe (2017)	Fóram Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha curtha ar bun chun aiseolas ar chomhpháirtíochtaí tionscail a aithint, a bhunú agus a chur ar fáil maidir le comhpháirtíochtaí tionscail do thaighde straitéiseach (institiúidí, ionaid) (2016) Suirbhé custaiméirí/athbhreithnithe bliantúla le príomh-chomhpháirtithe tionscail/taighde
	Cur leis an méid atá bainte amach againn maidir le haistriú teicneolaíochta agus gortanna gnó	Ár seasamh mar rogha comhpháirtí taighde a thugann aghaidh ar shainriachtanais tionscail daingnithe	Athbhreithniú ar chur i bhfeidhm an chreata nua IP tugtha chun críche (2016) Táscairí aistrithe teicneolaíochta ar leibhéal deachleachtas idirnáisiúnta (faoi 2019): – Ceadúnais, roghanna agus tascanna sínithe le lucht tionsclaíochta de réir maoinithe – 5 in aghaidh gach infheistíocht €10m sa bhliain – Faisnéisiú fionnachtana – 15 in aghaidh gach infheistíocht €10m sa bhliain – Iarratais ar phaitinní – 5 in aghaidh gach infheistíocht €10m sa bhliain
2.2.3: Cultúr fiontraíochta agus	Cultúr fiontraíochta agus nuálaíochta a chur chun cinn i	Sainchlár forbartha fiontair ag díriú ar thionscal agus ag tacú le forbairt	Méadú 25% ar líon na seach-chuideachtaí nua a bunaíodh Méadú 20% ar ioncam taighde ón tionscal Seoladh an tionscnamh ‘Conair Fiontraíochta OL’

Téama 2: Béim a leagan ar ár n-uathúlacht

nuálaíochta a fhorbairt	ngach cuid den institiúid	gheilleagrach réigiúnach	
	Tacú le gortanna gnó, gníomhaíocht nuathionscanta agus oiliúint fiontraíochta ar gach leibhéal	Ionad Nuálaíochta Nexus ag cur tacaíocht agus oiliúint leanúnach ar fáil do ghnólachtaí nuathionscanta, do chomhaltaí foirne agus do mhic léinn	Oiliúint deartha agus curtha ar fáil go bliantúil le 100+ fostaí ag fáil tacaíocht ar an láthair; 8 n-imeacht d'fhiontraithe eagraithe go bliantúil (2016 ar aghaidh)

2.3 Bonneagar agus saol campais

Tá méadú mór tagtha ar champas Ollscoil Luimnigh (133 heicteár anois) agus meastar é a bheith ar cheann de na campais is áille san Eoraip. Le háiseanna den chéad scoth a chuireann le taithí foghlama agus maireachtála ár gcuid mac léinn, cuirtear cuairteoirí an champais faoi dhraíocht lena áilleacht suaimhneach agus láthair nach bhfuil a shárú le fáil. Tá pleananna uailmhianacha againn bonneagar ár gcampais agus eispéireas maireachtála ar leith ar an gcampas a fhorbairt tuilleadh.

2.3.1 Bonneagar campais a fhorbairt

Is é cur i gcrích an phlean forbartha caipitil reatha, a mhairfidh go dtí 2018 agus a mbaineann 12 mhórhionscadal infheistíochta caipitil leis ar chostas €224 milliún, an aidhm uileghabhálach atá againn i leith bhonneagar ár gcampais. Baineann na tionscadail le bonneagar taighde, teagasc, tacaíochtaí do mhic léinn, agus áiseanna spóirt agus caitheamh aimsire mar aon le forbairtí ar láithreacha seach-champais i gcathair Luimnigh agus in Ospidéal na hOllscoile, Luimnigh. Tabharfar tús áite do Leabharlann Glucksman – Céim 2, d’Institiúid Eolaíochta Ábhar agus Dromchla – Céim 2 agus d’Fhoirgneamh Bernal ar an gcampas.

Sa bhreis ar an bplean forbartha, cuirfimid infheistíocht shuntasach ar fáil do threalamh agus do champas fíorúil (na córais IT) a thacóidh lenár bpríomh-mhisin taighde agus teagaisc. Déanfar é seo trí chistiú athnuachana IT agus trealaimh a chomhtháthú sna buiséid athfhillteacha.

2.3.2 Saol campais a fheabhsú

D’fhonn saol ar an gcampas a fhorbairt, cuirfear feabhas ar eispéireas maireachtála agus eispéireas na gcuairteoirí ar an gcampas; déanfar líon na gclár agus na n-imeachtaí samhraidh a mhéadú lena n-áirítear imeachtaí spóirt, ceoil agus ealaíon; forbrófar tionscnaimh i leith campais glas; agus déanfaimid ár ndícheall campas den scoth i dtaca le gníomhaíocht choirp, spóirt, caitheamh aimsire agus sláinte a chruthú. Chun eispéireas na gcuairteoirí agus na mac léinn cónaitheach a fheabhsú, beimid ag oibriú faoi réir phlean athchóirithe cúig bliana do mhic léinn cónaitheacha, ina gcuimseofar ionad cuairteoirí agus siopa d’ábhar poiblíochta.

Táthar ag súil go n-ardófar an teacht isteach leis na cláir bhreise a chuirfear ar bun le linn an tsamhraidh, agus cuirfear an teacht isteach breise seo i dtreo ár spriocanna straitéiseacha a bhaint amach. Tiofadh fás ar líon na n-imeachtaí ceoil agus ealaíon ar an gcampas de bharr breis comhoibrithe idir na haonáin éagsúla a bhaineann leis na healaíona ar an gcampas. Déanfar ár seasamh sna ranguithe Ollscoile GreenMetric World a choimeád nó a fheabhsú agus tabharfar faoi cheithre thionscnamh nua ar a laghad i leith campas glas a chur chun cinn. Chun ár gcáil mar champas den chéad scoth i dtaca le gníomhaíocht choirp, spóirt, caitheamh aimsire agus sláinte a dhaingniú, cuirfear straitéis uile-institiúide i dtaca le spóirt

agus gníomhaíocht choirp i bhfeidhm agus é mar aidhm againn stádas mar ‘Ollscoil a thacaíonn le Cothú Sláinte’ a bhaint amach.

Téama 2: Béim a leagan ar ár n-uathúlacht

2.3: Bonneagar agus saol campais

Aidhmeanna	Cuspóirí	Torthaí	Táscairí rathúlachta
2.3.1: Bonneagar campais a fhorbairt	Plean Forbartha Caipitil a chur i gcrích (2014-18)	Áiseanna den chéad scoth do thaighde, teagasc, maireachtáil and caitheamh aimsire	Infheistíocht €224m déanta in 12 mhórtionscadal infheistíochta caipitil le breis is 1,000 post cruthaithe (290 post lánama, ardluacha + 710 post tógála)
	Infheistíocht níos mó a chur ar fáil do threalamh agus do champas fíorúil d'fhonn tacú le príomh-mhisin taighde agus teagasc	Cistiú athnuachana IT agus trealaimh comhtháthaithe sna buiséid athfhillteacha	Infheistíochtaí suntasacha i dtrealamh agus i gcórais IT
2.3.2: Saol campais a fheabhsú	Eispéireas maireachtála agus eispéireas cuairteoirí ar an gcampas a fheabhsú	Plean athchóirithe cúig bliana i leith lóistín do mhic léinn	Plean athchóirithe i leith lóistín do mhic léinn curtha i gcrích ina iomlán (2018) Ionad cuairteoirí agus siopa d'ábhar poiblíochta ar oscailt (2015)
	Cláir (acadúil, neamhacadúil agus tráchtála) le linn an tsamhraidh a leathnú	Sruthanna ioncaim méadaithe chun spriocanna straitéiseacha a bhaint amach	Méadú 35% ar líon na gclár agus na n-imeachtaí samhraidh faoi 2018
	Cur le líon na n-imeachtaí ceoil agus ealaíon	Comhoibriú níos mó idir IWAMD, UCH agus ICO chun straitéis ealaíon cruthaitheach uile-champais a fhorbairt	Méadú 35% ar líon na n-imeachtaí ceoil agus ealaíon faoi 2018
	Tionscnaimh i leith campas glas a fhorbairt	Seasamh den chéad scoth maidir le bainistíocht ollscoile neamhdhíobhálach don chomhshaol bainte amach sna ranguithe Ollscoile GreenMetric World (2015-19)	Ceithre thionscnamh nua ar a laghad i leith campas glas curtha ar bun (2015-18)
	Campas den chéad scoth i dtaca	OL Beo: Straitéis uile-institiúide i dtaca le	Stádas i leith 'Ollscoil a thacaíonn le Cothú

Téama 2: Béim a leagan ar ár n-uathúlacht

le gníomhaíocht choirp, spórt,
caitheamh aimsire agus sláinte a
bhaint amach

spórt agus gníomhaíocht choirp i
bhfeidhm

Sláinte' bainte amach (2018)

Téama 3: Ár bpróifil idirnáisiúnta a fheabhsú

Lenár bpróifil a ardú go hidirnáisiúnta, déanfar gach iarracht ár bpróifil taighde idirnáisiúnta a ardú, cur leis an ngné idirnáisiúnta a bhaineann le heispéireas na mac léinn, deiseanna thar lear do chomhaltaí foirne a chruthú agus nasc a chruthú lenár bpobail dhomhanda.

3.1 Próifil taighde idirnáisiúnta

Tá gá le taighde comhoibrithe ar bhonn trasnáisiúnta, ildisciplíneach ar scála domhanda chun dul i ngleic le fadhbanna coimpléascúla. Gné thábhachtach bhunúsach dúinn a bheith ag feidhmiú go hiomaíoch i dtaighde domhanda, agus cuirfidh sé ar ár gcumas aitheantas níos forleithne a bhaint amach sa chomhthéacs idirnáisiúnta mar institiúid taighdebhunaithe, cheannródaíoch agus atá i dteagmháil leis an bpobal.

Lenár n-iarrachtaí taighde a fhairsingiú ar bhonn domhanda, cinnteoimid go méadófar an leibhéal maoinithe ó fhoinsí idirnáisiúnta agus go neartóidh ár gceangal le líonraí taighde idirnáisiúnta.

3.1.1 Cistiú ó fhoinsí idirnáisiúnta a mhéadú

Tacóidh ár dtimpeallacht taighde le tosaíochtaí straitéiseacha náisiúnta agus idirnáisiúnta, go háirithe na tosaíochtaí a aithníodh i gclár [Deiseanna Nua 2020](#) de chuid an Choimisiúin Eorpaigh (2012). Le *Deiseanna Nua 2020* cuirtear deiseanna éagsúla ar fáil i leith foinsí maoinithe taighde a sholáthar. Rachfar i mbun dianscrúdú ar [Limistéar Taighde na hEorpa](#) inár gcuid taighde. Ceaptar go dtiocfaidh méadú 100% ar chistiú de bharr na bpleananna uailmhianacha atá againn chun tacaíocht a chur ar fáil d'obair thaighdeoirí i gcláir atá maoinithe ag AE. Chun na críche seo, tabharfar grúpa oibre le chéile d'fhonn plean feidhmíochta *Deiseanna Nua 2020* a bhrú chun cinn d'institiúidí, ionaid, dámha agus rannóga. Díreoidh an grúpa oibre ar réimsí taighde, ar shruthanna maoinithe a aimsiú agus ar mheicníochtaí tacaíochta a chur i bhfeidhm. Meastar go mbeidh ardú mór ar líon na bpríomhthaighdeoirí atá ag obair ar thionscadail a dhéantar a chistiú ó fhoinsí AE agus foinsí idirnáisiúnta de bharr na hoibre seo.

3.1.2 Comhpháirtíochtaí taighde idirnáisiúnta a neartú

Soláthraíonn taighdeoirí a fheidhmíonn go hidirnáisiúnta an saothar foilsithe taighde is mó a mbíonn trácht air, agus is léir gurb amhlaidh atá ó tharla go dtagann aon trian ar a laghad de shaothar acadúil domhanda i gceist mar gheall ar chomhoibriú idirnáisiúnta. Ní hionadh ar bith, go bhfuil ceangal láidir idir tionchar taighde (a áiríonn luanna) agus comhshaothar foilsithe idirnáisiúnta.

Cuirfidh an plean straitéiseach seo comhoibriú idir taighdeoirí Ollscoil Luimnigh agus pobal taighde domhanda chun cinn trí líonraí nua idirnáisiúnta a ailíniú lenár láidreachtaí reatha, nuálacha agus nideoige agus le líon na n-ócáidí taighde idirnáisiúnta a reáchtáil an Ollscoil á mhéadú. Go háirithe, déanfaimid comhdháil dhébhlíantúil, ardphróifile Bernal a reáchtáil, a mheallfaidh scoláirí den chéad scoth agus ag a mbeidh téamaí dúshlánacha a bhfuil tábhacht dhomhanda leo faoi chaibidil.

Téama 3: Ár bpróifil idirnáisiúnta a fheabhsú

3.1: Próifil taighde idirnáisiúnta

Aidhmeanna	Cuspóirí	Torthaí	Táscairí rathúlachta
3.1.1: Cistiú ó fhoinsí idirnáisiúnta a mhéadú	Líon na bpríomhthaighdeoirí atá ag obair agus ag glacadh páirte i dtionscadail atá maoinithe go hidirnáisiúnta (foinsí AE agus foinsí idirnáisiúnta neamh-chistithe ag Státchiste) a ardú	Réimsí taighde sonraithe agus sruthanna maoinithe aimsithe in institiúidí, ionaid, dámha agus rannóga Foireann speisialaithe ag tacú leis an lucht acadúil i dtionscadail taighde idirnáisiúnta ar leith	Pleananna maoinithe idirnáisiúnta in institiúidí, ionaid, dámha agus rannóga Sainchláir oiliúna agus eolas ar na tacaíochtaí
	A bheith níos rannpháirtí in <i>Deiseanna Nua 2020</i>	Grúpa oibre ardleibhéil ag cur <i>Deiseanna Nua 2020</i> i bhfeidhm	Dúbailt ar ioncam ó fhoinsí maoinithe AE le hais mar a fuarthas ó FP7
	Líonraí nua taighde idirnáisiúnta a bhunú	Taighdeoirí OL rannphárteach i bpríomhghrúpaí taighde idirnáisiúnta a bhaineann lenár láidreachtaí reatha, nuálacha agus nideoige	Iníúchadh cuimsitheach /anailís ar bhearnaí curtha i gcrích ar chomhpháirtíochtaí taighde idirnáisiúnta (2016) agus gníomhaíochtaí nua aitheanta (2016-19)
3.1.2: Comhpháirtíochtaí taighde idirnáisiúnta a neartú	Príomhthaighdeoirí idirnáisiúnta a mhealladh chuig OL	Líon na n-ócáidí taighde idirnáisiúnta a reáchtáiltear ar an gcampas ardaithe go mór	Ardú 30% ar líon na gcomhdhálacha/scoileanna samhraidh/geimhridh a reáchtáilann OL Mórchomhdháil dhébhliantúil idirnáisiúnta Bernal curtha ar bun (2017)

3.2 Deiseanna idirnáisiúnta do mhic léinn

Chuirfí deiseanna sármhaithe ar fáil d'Éirinn ach an earnáil ardoideachais a idirnáisiúnú, agus chuirfí go mór le caighdeán an chórais ardoideachais leis an ngluaiseacht mac léinn isteach agus amach. Trí ghluaiseacht na mac léinn in Ollscoil Luimnigh le linn thréimhse an phlean seo a neartú, tiocfaidh feabhas ar an gcaighdeán taighde, teagaisc agus foghlama agus cuideoidh sé le heispéireas na mac léinn a fheabhsú. Éireoidh linn é seo a bhaint amach trí mhic léinn idirnáisiúnta a mhealladh chuig an Ollscoil agus deiseanna foghlama thar lear a chur ar fáil dár mic léinn.

3.2.1 Mic léinn idirnáisiúnta a mhealladh

Le linn thréimhse an phlean seo, éireoidh linn ardú 60% a bhaint amach ar líon na mac léinn idirnáisiúnta ar chúrsaí céime iomlána trínár ngníomhaíochtaí earcaíochta a leathnú amach i dtíortha AE agus neamh-AE agus i margaí nuálacha eile. Táthar ag súil go dtiocfaidh fás ar líon na mac léinn idirnáisiúnta i ngach dámh. Leathnófar ár gclár [Staidéar Thar Lear](#) do mhic léinn idirnáisiúnta a thagann chugainn trí chláir nua samhraidh trí seachtaine agus sé seachtaine a chur ar bun, rud a chuirfidh leis an ioncam a dhéanfar. Sa bhreis air sin, déanfar iarracht ár seasamh láidir i suirbhé na mac léinn *i-Graduate* a choimeád agus sinn ag leanúint leis an tacaíocht iontach a chuirimid ar fáil dár mic léinn idirnáisiúnta a roghnaíonn teacht chuig Ollscoil Luimnigh.

3.2.2 Líon na ndeiseanna idirnáisiúnta do mhic léinn amach a mhéadú

Is mian linn aitheantas a fháil mar an ollscoil *is mó cáil* in Éirinn ó thaobh idirnáisiúnú de. Is é ár sprioc uailmhianach a chinntiú go mbeidh deis ag gach mac léinn fochéime blaiseadh a fháil d'eispéireas foghlama idirnáisiúnta ar a n-áirítear tréimhse a chaitheamh ag staidéar thar lear, intéirneacht thar lear nó socrúchán oibre deonaí. Go sonrach, tá sé beartaithe againn an ghluaiseacht amach a ardú 30%. Déanfar ár bportfóilió i leith comhpháirtíochtaí Erasmus agus malairte a leathnú agus ár stádas mar an institiúid is fearr in Éirinn i dtaca le clár malairte Erasmus a choimeád. Faoin gclár Erasmus, déanfaimid tréaniarracht an sprioc go mbeadh ar aon cúigiú de mhic léinn fochéime seimeastar amháin ar a laghad a chaitheamh thar lear mar atá leagtha amach i bPróiseas Bologna 2020 de chuid AE. Sa bhreis ar an gclár Erasmus, cuirfimid deiseanna nua gluaiseachta ar fáil do mhic léinn chun tacú lena ngairmeacha amach anseo.

Téama 3: Ár bpróifil idirnáisiúnta a fheabhsú

3.2: Deiseanna idirnáisiúnta do mhic léinn

Aidhmeanna	Cuspóirí	Torthaí	Táscairí rathúlachta
3.2.1: Mic léinn idirnáisiúnta a mhealladh	Earcaíocht mac léinn i margáí nua agus seanbhunaithe (AE agus neamh-AE) a uasmhéadú	Pobal éagsúil mac léinn agus próifil idirnáisiúnta níos leithne	Pleananna cuimsitheacha margáíochta agus cumarsáide do na príomh-mhargáí (AE, an Bhrasaíl, an tSín, an Meánoirthear agus SAM) curtha ar fáil in 2016 Margaí nua san Áise Thoir Theas agus san Afraic i leith earcú mac léinn bunaithe (2016-19) Ardú 60% i líon na mac léinn idirnáisiúnta ar chéim iomlán faoi 2019
	Clár Staidéir Thar Lear OL do mhic léinn idirnáisiúnta a fhorbairt tuilleadh	Tairiscintí samhraidh a tharraingíonn lucht féachana idirnáisiúnta chugainn Clár staidéir thar lear neartaithe agus ioncam breise á ghiniúint	Cláir nua scoile samhraidh (cláir 3 seachtaine agus 6-8 seachtaine (2016 agus 2017) Ardú 12% ar líon na mac léinn a thugann faoi chlár Staidéar thar lear SAM faoi 2019
3.2.2: Líon na ndeiseanna idirnáisiúnta do mhic léinn amach a ardú	Portfóilió i leith comhpháirtíochtaí Erasmus agus malairte a leathnú	Ár stádas mar institiúid den scoth i dtaca le clár malairte Erasmus daingnithe (2016-19)	20% de mhic léinn fochéime ag caitheamh seimeastar amháin ar a laghad thar lear (sprioc phróiseas Bologna 2020 de chuid an AE) Deiseanna nua do mhic léinn taighde aimsithe
	Deiseanna gluaiseachta idirnáisiúnta a chur ar fáil do mhic léinn chun tacú lena ngairmeacha amach anseo	Deiseanna gluaiseachta do mhic léinn a chuideoidh leo a ngairmeacha amach anseo	Ardú 30% i ngluaiseachtaí amach (2019) Roghanna nua chun seimeastar a chaitheamh thar lear curtha ar fáil ar chláir chéime (ó 2016 ar aghaidh)

3.3 Deiseanna idirnáisiúnta do chomhaltaí foirne

Tá Ollscoil Luimnigh ar an ollscoil Erasmus is mó a bhfuil tóir uirthi in Éirinn. Dá bharr seo, bhíomar in acmhainn comhpháirtíochtaí seanbhunaithe a chruthú le 400 institiúid i 38 tír. Trínár líonra comhpháirtithe idirnáisiúnta a fhorbairt tuilleadh agus trí infheistíocht straitéiseach a dhéanamh i ngníomhaíochtaí idirnáisiúnta, beimid ábalta cláir oideachais trasnáisiúnta (TNE) a sholáthar agus gluaiseachtaí foirne a éascú go domhanda.

3.3.1 Comhpháirtithe idirnáisiúnta nua a lorg

Is mian linn oibriú i gcomhar le hollscoileanna idirnáisiúnta ar leith atá ar thús cadhnaíochta agus a mbaineann gnéithe iltoiseacha leo. Cuirfidh na comhpháirtithe idirnáisiúnta nua seo níos mó deiseanna ar fáil don fhoireann oibriú in ollscoileanna mór le rá agus cláir oideachais trasnáisiúnta (TNE) a fhorbairt ag leibhéal fochéime, iarchéime agus dochtúireachta i dtíortha a mbaineann leas straitéiseach leo. Cinnteoidimid go mbeidh dhá chlár TNE ar a laghad á gcur ar fáil go hiomlán nó i bpáirt thar lear.

Ina cheann sin, cuirfimid le líon na gcomhpháirtithe idirnáisiúnta straitéiseacha atá comhtháite agus comhordaithe i réimsí taighde, teagasc agus rannpháirtíochta. Ar na comhpháirtithe féideartha tá ollscoileanna, gníomhaireachtaí rialtais, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus comhpháirtithe tionsclaíochta agus gnó.

3.3.2 Infheistíocht straitéiseach i ngníomhaíocht idirnáisiúnta

Cuirfimid cistiú straitéiseach ar fáil d'fhonn cur le rannpháirtíocht na gcomhaltaí foirne i ngníomhaíochtaí idirnáisiúnta agus cuirfimid struchtúir i bhfearas chun cuidiú le comhaltaí foirne a mbaineann na gníomhaíochtaí seo leo. Déanfar an cistiú a cheangal le torthaí feidhmíochta sonraithe i straitéis taighde na hOllscoile. Bunófar ciste iomaíoch i leith gníomhaíochtaí idirnáisiúnta chun tacú le mórthionscnaimh nua idirnáisiúnaithe thar lear agus ar an gcampas; seolfar scéim thaistil, mhalairte agus chomhaltachta chun tacú le gníomhaíochtaí taighde idirnáisiúnta.

Beidh cur chuige uile-institiúide i bhfeidhm i leith gníomhaíochtaí acadúla a idirnáisiúnú. Ar an mbunús seo, ceapfar 'déan cúnta idirnáisiúnta' i ngach dámh chun comhordú a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí idirnáisiúnta uile ina ndisciplíní ar leith, teagmháil a dhéanamh leis na páirtithe leasmhara cuí, straitéisí nua a fhorbairt, dul i ngleic le deiseanna idirnáisiúnta agus acmhainní a bhainistiú go héifeachtach.

Téama 3: Ár bpróifil idirnáisiúnta a fheabhsú

3.3: Deiseanna idirnáisiúnta do chomhaltaí foirne

Aidhmeanna	Cuspóirí	Torthaí	Táscairí rathúlachta
3.3.1: Comhpháirtithe idirnáisiúnta nua a lorg	Ár láidreachtaí sa chlár Erasmus+ a threisiú	Deiseanna níos mó do ghluaiseacht comhaltaí foirne chuig ollscoileanna ar ardchaighdeán	Comhpháirtíochtaí nua AE agus neamh-AE trí chlár Erasmus+ le comhpháirtithe idirnáisiúnta i dtíortha éagsúla a mbaineann tábhacht straitéiseach leo
	Comhpháirtíochtaí agus cláir oideachais trasnáisiúnta (TNE) nua a fhorbairt ag leibhéal fochéime, iarchéime agus dochtúireachta i dtíortha tosaíochta	Comhaltaí foirne agus mic léinn den scoth á gcur i dtreo OL de thoradh comhpháirtíochtaí mór le rá	Grúpa stiúrtha ardleibhéil tras-dámha ar TNE bunaithe chun deiseanna a aimsiú i dtíortha ar leith Dhá chomhchéim ar a laghad á dtairiscint atá ar fáil thar lear go hiomlán nó a bhfuil cuid díbh ar fáil thar lear
3.3.2: Infheistíocht straitéiseach i ngníomhaíocht idirnáisiúnta	Cistiú straitéiseach a chur ar fáil d'fhonn cur le rannpháirtíocht na gcomhaltaí foirne i ngníomhaíochtaí idirnáisiúnta	Cistiú straitéiseach ar fáil chun tacú le rannpháirtíocht idirnáisiúnta Cistiú ceangailte le torthaí feidhmíochta sonraíthe i straitéis taighde	Ciste iomaíoch i leith gníomhaíochtaí idirnáisiúnta bunaithe in 2016 Scéim thaistil, mhalairte agus chomhaltachta seolta in 2016 chun tacú le gníomhaíochtaí taighde idirnáisiúnta
	Struchtúir a chur i bhfearas chun cuidiú le comhaltaí foirne a mbaineann na gníomhaíochtaí idirnáisiúnta seo leo	Cur chuige uile-institiúide i bhfeidhm i leith gníomhaíochtaí acadúla a idirnáisiúnú (forbairt chomhpháirtíochta, comhoibriú taighde, cianfhoghlaim agus TNE níos leithne)	Róil mar 'dhéan cúnata idirnáisiúnta' bunaithe i ngach dámh (2016)

3.4 Ár bpobail dhomhanda

Pobal fairsing atá i bpobal OL a théann i bhfad thar bhallaí an champais: tá comhoibrithe acadúla agus alumni ag cur fúthu i mbreis is 100 tír. Léiríonn an pobal ardoideachais idirnáisiúnta agus an líonra fairsing alumni idirnáisiúnta na líonraí suntasacha a mbainfear úsáid astu chun tionscnaimh idirnáisiúnta an phlean seo a bhaint amach agus chun ár bpróifíl agus seasamh idirnáisiúnta a ardú. D'fhonn ceangal a dhéanamh lenár bpobail dhomhanda, leathnófar líonraí de chuid phobal OL agus cuirfear ár gcláir i gcomparáid leis na caighdeáin idirnáisiúnta.

3.4.1 Ár líonraí domhanda a leathnú

Faoin tráth a dtiocfaidh críoch le tréimhse an phlean seo, beifear ag súil le hardú 20% ar líon na scrúdaitheoirí seachtracha agus comhstiúrthóirí taighde idirnáisiúnta ó institiúidí idirnáisiúnta iomráiteacha ina ndisciplíní ar leith. Ina cheann sin, leagfar síos slata tomhais a chinnteoidh caighdeán na scrúdaitheoirí seachtracha, comhstiúrthóirí taighde agus cúntóirí idirnáisiúnta ar gach clár. Seolfar clár do chuirteoirí idirnáisiúnta a dhéanfar a chomhordú go lárnach a chuirfidh seirbhís tacaíochta uileghabhálach ar fáil d'acadóirí ar shaoire shabóideach, cainteoirí agus toscairí comhdhála a thugann cuairt ar an gcampas.

3.4.2 Ár gcláir léinn a thagarmharcáil ar bhonn idirnáisiúnta

Is ionann creidiúnú domhanda a bhaint amach agus léiriú ar chaighdeán den chéad scoth a bhaineann lenár gclár. Déanfar gach iarracht creidiúnú nua idirnáisiúnta agus dearbhú ár gclár a chinntiú mar aon lena bhfuil bainte amach go dtí seo againn a choimeád, go háirithe i gcás cláir Scoil Ghnó Kemmy (KBS). Déanfar athbhreithniú iomlán ar ár bpróiseas pleanála creidiúnaithe agus déanfar iarracht an creidiúnú atá bainte amach againn cheana féin a choimeád agus creidiúnú nua a ghnóthú, de réir mar is cuí.

Téama 3: Ár bpróifil idirnáisiúnta a fheabhsú

3.4: Ár bpobail dhomhanda

Aidhmeanna	Cuspóirí	Torthaí	Táscairí rathúlachta
3.4.1: Ár líonraí domhanda a mhéadú	Cur le líonraí idirnáisiúnta scrúdaitheoirí seachtracha, ollúna taca, comhstiúrthóirí taighde agus comhpháirtithe tionsclaíochta	Líonra domhanda de phobal OL bunaithe	Slata tomhais leagtha amach i leith scrúdaitheoirí seachtracha, comhstiúrthóirí taighde agus cúntóirí idirnáisiúnta do gach clár (2017) Ardú 20% ar líon na scrúdaitheoirí seachtracha/comhstiúrthóirí taighde idirnáisiúnta ó institiúidí idirnáisiúnta iomráiteacha ina ndisciplíní ar leith (faoi 2019)
	Clár idirnáisiúnta do chuartheoirí a chur ar bun	Seirbhís tacaíochta uileghabhálach ar fáil d'acadóirí (ar shaoire shabóideach), cainteoirí agus toscairí comhdhála	Prótacail agus clár do chuartheoirí idirnáisiúnta curtha ar fáil
3.4.2: Ár gcláir léinn a thagarmharcáil ar bhonn idirnáisiúnta	Creidiúnú agus dearbhú idirnáisiúnta a chinntiú mar aon lena bhfuil bainte amach go dtí seo a choimeád, go háirithe i gcás cláir Scoil Ghnó Kemmy (KBS)	Athbhreithniú iomlán ar phróisis phleanála chreidiúnaithe	Athbhreithniú creidiúnaithe curtha i gcrích in KBS (2016) Athnuachan déanta ar chreidiúnúcháin KBS uile (e.g. EPAS agus AMBA) agus creidiúnúcháin nua bainte amach (e.g. AACSB)

An straitéis a chumasú

An próiseas pleanála a chur ar aonaid acadúla agus tacaíochta

Mar institiúid atá dár dtreorú ag taighde, fáiltimid roimh éagsúlacht disciplíní. Táimid buíoch dá bhfuil déanta ag gach disciplín cuidiú le spriocanna na hOllscoile a bhaint amach agus tuigimid an éagsúlacht a bhaineann leis an ngairm acadúil. Tá an t-éileamh i dtaca le taighde, idirnáisiúnú agus rannpháirtíocht éagsúil i ndisciplíní agus réimsí acadúla ar leith, agus dá bhrí sin, beidh próiseas pleanála na hOllscoile agus a bhfuiltear ag súil leis éagsúil chomh maith. Mar sin, forbróimid creatlach shofaisticiúil pleanála straitéisí a thabharfaidh éagsúlacht acadúil agus céimeanna difriúla na forbartha san áireamh.

Déanfar freagrachtaí roinnte i leith torthaí a ndéantar cur síos orthu sa straitéis institiúideach uileghabhálach seo *a dhílarú go dtí príomhaonaid acadúla agus rannáin seirbhíse* d'fhonn an chothromaíocht is fearr idir neamhspleáchas inmheánach agus freagracht a chinntiú. Trí chur chuige feidhmíochta den chineál seo a fheidhmiú, cur chuige atá bunaithe ar fhianaise, tabharfar cead do gach comhalta foirne a gcion féin a chur ar fhorbairt na hOllscoile de réir a láidreachtaí féin. Rachaidh sé seo go mór chun feabhais agus cuirfidh sé le feidhmiúlacht ar fud na hinstitiúide a mheas. Ar an mbunús seo, táimid meáite ar chothromaíocht chuí idir neamhspleáchas inmheánach agus freagracht a bhaint amach a chinnteoidh go dtiocfaidh féinfheabhsúchán le feabhas ar fheidhmiúlacht, go dtiocfaidh féinbhainistíocht as bainistíocht agus go mbeidh gach rath ar chomhaltaí foirne agus ar mhic léinn araon.

Acmhainní a chur ar fáil don phlean

Aithnítear go bhfuil tábhacht ar leith le bainistiú a dhéanamh ar ár n-acmhainní daonna agus airgeadais i dtaobh acmhainní a chur ar fáil don phlean nua seo. Tuigimid chomh maith an gá atá le timpeallacht oibre agus foghlama a chur ar fáil do chomhaltaí foirne agus mic léinn nach gcuirfidh as don chaighdeán ard atá curtha romhainn againn. Ina theannta sin, teastóidh infheistíocht shuntasach chun an campas eisceachtúil agus na háiseanna fíorúla atá againn a chothabháil agus a fhorbairt tuilleadh.

A fhad is a bheidh buiséad comhardaithe agus cothrom ó thaobh caiteachas pá agus neamhphá idir lámha againn, déanfaimid gach iarracht tabhairt faoi bhealaí nuálacha agus ceannródaíochas le teacht ar acmhainní ioncaim ailtéarnachta atá inmharthana agus bainistiú a dhéanamh ar ár gcostas. Tá gá le solúbthacht a áiríonn leibhéil chuí riosca chun nuálaíocht a chur chun cinn. Déanfar athbhreithniú leanúnach ar bhainistiú riosca agus ar struchtúir rialachais lena chinntiú go dtagann siad le feidhmiú an phlean seo. Beidh nósanna daingne rialachais agus bainistithe riosca i bhfeidhm i gcónaí i gcás úsáid acmhainní, agus cloífear le riachtanais rialúcháin.

Ár n-uaimhian agus rathúlacht a léiriú

Sa timpeallacht ardoideachais thar a bheith iomaíoch seo, tá tábhacht ar leith le cáil institiúide a fháil agus a choimeád. Tuigimid go rímhaith nach féidir cáil institiúide a bhaint

amach ach amháin má tá dea-fheidhmíocht i gceist. Lena chois sin, tá tuiscint shoiléir againn go gcuireann uailmhian institiúide leis an rath a bheidh orainn amach anseo. Dá bhrí sin, tá tábhacht nach beag leis na míreanna eolais a roghnaítear agus a léiríonn an cur chuige seo, a chuirfidh lenár n-íomhá shainiúil a leagan amach, mic léinn agus comhaltaí foirne fuinniúla agus uailmhianacha a mhealladh, agus ardú muiníne a chinnteoidh go gcuirfear scéal Ollscoil Luimnigh in iúl ar fud an domhain.

Tabharfar tosaíocht d'fhorbairt straitéise nua margáíochta agus cumarsáide uile-institiúide. Beidh cur chuige nuálach, comhordaithe agus spriocdhírithe i bhfeidhm inár ngníomhaíochtaí margáíochta agus cumarsáide, agus bainfear leas as an modh cumarsáide is éifeachtaí chun ár n-uathúlacht a léiriú dár bpáirtithe leasmhara.

An straitéis a chumasú

An próiseas pleanála a chur ar aonaid acadúla agus tacaíochta

Aidhmeanna	Cuspóirí	Torthaí	Táscairí rathúlachta
An phleanáil straitéiseach agus oibríochtúil a fheidhmiú	<p>An phleanáil straitéiseach feidhmíochta a chur ar dhámha, rannáin agus institiúidí taighde</p> <p>Pleanáil straitéiseach bhliantúil sna haonaid acadúla, taighde agus tacaíochta a dhaingniú</p>	<p>Pleanáil feidhmíochta logánta a bheith leasaithe go mór a áireoidh critéir aontaithe a bhaineann le gníomhaíochtaí oibriúcháin agus acadúla</p> <p>Cead ag Déin/Cinn Rannóga samhlacha ualaigh oibre a chur in oiriúint a cheanglóidh freagrachtaí ar leith le láidreachtaí daoine ar leith agus a dhéanfaidh an leas is fearr a bhaint as obair aonair i leith spriocanna straitéiseacha a bhaint amach</p>	<p>Meicníocht(aí) maoinithe feidhmíochta aitheanta le sonraí bunlíne agus eochairtháscairí feidhmíochta bunaithe do gach aonad</p> <p>Athbhreithniú ar mheicníochtaí reatha i leith leithdháileadh acmhainní a áiríonn gné mhaoinithe feidhmíochta (ag feidhmiú ina hiomláine faoi 2017); cuirfear naisc chuig an bpróiseas pleanála san áireamh i ngach príomhaonad acadúil, taighde agus seirbhíse</p>

Acmhainní a chur ar fáil don phlean

Aidhmeanna	Cuspóirí	Torthaí	Táscairí rathúlachta
Acmhainní a cheangal le spriocanna straitéiseacha	<p>An ceangal idir leithdháileadh acmhainní agus tosaíochtaí straitéiseacha a neartú</p> <p>Foinsí ioncaim ó ghníomhaíochtaí acadúla, neamhacadúla agus tráchtála a éagsúlú</p> <p>An próiseas buiséid bhliantúil a bheachtú</p>	<p>Aitheantas níos soiléire do shruthanna ioncaim ó ghníomhaíochtaí príomhúla agus neamhphríomhúla i dtaca le spriocanna straitéiseacha</p> <p>Pleanáil ioncaim éagsúil i ngach aonad acadúil, taighde agus tacaíochta</p> <p>Pleanáil fadbhreathnaitheachta nasctha le réamh-mheastachán buiséid do</p>	<p>Torthaí buiséid atá cothrom gach bliain</p> <p>Ardú ar ioncam taighde agus teagaisc neamhstáit agus ar ioncam ó ghníomhaíochtaí tráchtála</p> <p>Ardú 30% ar ioncam neamh-bhunbhuiséid</p> <p>Deonacháin ó dhaonchairde Fhondúireacht Ollscoil Luimnigh i dtaca le spriocanna straitéiseacha</p>

An straitéis a chumasú

straitéisí earcaíochta inmharthana

Ár n-uaimhian agus rathúlacht a léiriú

Aidhmeanna	Cuspóirí	Torthaí	Táscairí rathúlachta
Gníomhaíocht mhargaíochta agus chumarsáide a comhordú	<p>Straitéisí, pleananna agus oibríochtaí comhtháite a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun íomhá agus cáil OL a chur chun cinn</p> <p>Gníomhaíocht straitéiseach mhargaíochta agus chumarsáide a cheangal le cuspóirí straitéiseacha</p>	<p>Feasacht níos mó ar fhéiniúlacht bhranda Ollscoil Luimnigh</p> <p>Gníomhaíocht straitéiseach mhargaíochta agus chumarsáide ceangailte le cuspóirí gnó agus forbairtí gnó-bhunaithe</p> <p>Fócas géar ar phróisis ó cheann ceann na bpróiseas a mhéadaíonn cumarsáid agus rannpháirtíocht OL le páirtithe leasmhara a chuideoidh le clú agus cáil na hOllscoile i ngach réimse gníomhaíochta</p>	<p>Athbhreithniú agus tuairisc thosaigh ar chur i bhfeidhm straitéis OL maidir le margáíocht, cumarsáid agus brandáil (athbhreithniú curtha i gcrích faoi lár 2016)</p> <p>Straitéis mhargaíochta agus chumarsáide Ollscoil Luimnigh i bhfeidhm</p> <p>Ardú ar éileamh i réimse leathan comhthéacsanna, ó éileamh ar chláir/líon na mac léinn agus conarthaí taighde a ghnóthú</p>

Feidhmiú, monatóireacht agus athbhreithniú na straitéise

Feidhmiú

Is ar Choiste Feidhmiúcháin na hOllscoile, a áiríonn an tUachtarán (Cathaoirleach), an Leas-Uachtarán Acadúil & Cláraitheoir, an Leas-Uachtarán Taighde, Déin na nDámh, an Stiúrthóir Airgeadais agus an Stiúrthóir Acmhainní Daonna, atá an fhreagracht an plean straitéiseach seo a chur i bhfeidhm. Sa bhreis ar chur i bhfeidhm an phróisis pleanála thuasluaite, cuirfidh foghrúpaí sainiúla de chuid na Comhairle Bainistíochta pleananna feidhmíochta le chéile chun spriocanna straitéiseacha ar leith a bhaint amach.

Monatóireacht

Tá raon leathan gníomhaíochtaí agus spriocanna luaite sa phlean agus beidh raon leathan modhanna monatóireachta i gceist. Beidh gá le monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí cáilíochtúla le spriocdhátaí maidir lena gcur i gcrích, agus a ndul chun cinn a mheas ó thaobh an gníomh a chur i gcrích faoin spriocdháta faoi leith. Tiocfaidh monatóireacht de chineál eile i gceist do na gníomhaíochtaí cáilíochtúla nach féidir a thomhas – meastóireacht bunaithe ar ghealltanais institiúideacha i leith cuspóirí ar leith a bhaint amach. De réir mar is cuí, agus cé is moite de na meadarachtaí taighde, a dtomhaisfear an bhonnlíne ón mbliain 2014, bainfear leas as faisnéis ón mbliain acadúil 2014/15 mar shlata tomhais lena féidir an dul chun cinn ó thaobh baint amach ár spriocanna a mheas.

Athbhreithniú

Déanfaidh an Coiste Feidhmiúcháin monatóireacht ar an dul chun cinn maidir le feidhmiú an phlean ar bhonn leanúnach. Cuirfidh an tUachtarán eolas nua-shonraithe ar fáil faoi dhó sa bhliain do Choiste Pleanála Straitéisí agus Dearbhaithe Cáilíochta an Údarás Rialaithe agus cuirfear eolas nua-shonraithe bliantúil ar fáil don Údarás Rialaithe. Déanfaidh an t-athbhreithniú seo scrúdú ar an liosta reatha d'aidhmeanna, aschur agus torthaí ó thaobh a ábhartha agus a indéanta is atá siad sa chomhthéacs sin ag an am sin.